



Schola Europaea / Oifig an Ard-Rúnaí

An tAonad Forbartha Oideolaíochta

Ref: 2020-12-D-3-ga-3<sup>1</sup>

Orig: BÉARLA/EN

# Siollabas don Ghaeilge mar Theanga Eile Náisiúnta (TEN) - Sraith Meánscoile

Syllabus for Irish as Other National Language (ONL) – Secondary Cycle

Faofa ag an gComhchoiste Teagaisc ag a chruinniú ar líne ar 11 agus 12  
Feabhra 2021

Approved by the Joint Teaching Committee at its online meeting on 11 and 12 February 2021

Teacht i bhfeidhm: an 1 Meán Fómhair 2021 do S1 go S6  
an 1 Meán Fómhair 2022 do S7

An chéad seisiún Baccalauréat i Meitheamh 2023

Entry into force: on 1 September 2021 for S1 to S6  
on 1 September 2022 for S7

First Baccalaureate session in June 2023

---

<sup>1</sup> Update of the oral record sheet: the BIS approved by means of Written Procedure 2022/60, the document “European Schools’ Criteria for the Assessment of the Baccalaureate Oral Exams – Applicable as from European Baccalaureate session 2023” (Ref. 2022-09-D-46-en) on 5 December 2022 with an immediate entry into force.

# Clár ábhair

Réamhrá.....	3
Réamhrá (Leagan FR).....	4
Einführung (Leagan DE).....	5
1. Cuspóirí ginearálta .....	7
2. Prionsabail Theagascacha .....	8
3. Cuspóirí Foghlama.....	9
4. Ábhar. (Achoimre – cur síos níos iomláine ar fáil in Aguisín 6.2.1) .....	10
5. Measúnú.....	11
6. Iarscríbhinní.....	31
6.1. Baccalauréat na hEorpa .....	31
Tá na cáipéisí seo a leanas bunaithe ar na riachtanais le haghaidh scrúduithe, mar atá mínithe i ndoiciméad Córas Marcála na Scoileanna Eorpacha: Treoirlínte Úsáide - 2017-05-D-29 .....	
6.2. Tráchtaireacht .....	49
6.2.1. Míniú ar Ábhar do na Timthriallta Iarbhunscoile S1-S7 .....	52
6.2.2. Fíorchumarsáid sa Sprioctheanga .....	66
6.2.2.1. <i>Deiseanna a Chothú</i> .....	66
6.2.2.2. <i>Moltaí chun Inniúlacht Éisteachta agus Labhartha a Mheas i TEN</i> .....	73

## Réamhrá

Rinne Doiciméad 2011-01-D-33-en-7<sup>2</sup> a bhaineann le heagrú staidéir agus cúrsaí sna Scoileanna Eorpacha, a d'fhormheas Bord na nGobharnóirí in Aibreán 2011, foráil den chéad uair do shocruithe speisialta chun TEN (Teangacha Eile Náisiúnta) a theagasc. Tar éis athchóiriú a dhéanamh ar na cláir staidéir a thairgeann na Scoileanna Eorpacha, cheadaigh Bord na nGobharnóirí doiciméad nua um bheartas teanga agus eagrú staidéir, 2019-01-D-35, *Beartas Teanga na Scoileanna Eorpacha* in Aibreán 2019 agus tháinig sé i bhfeidhm i Meán Fómhair 2019.

Léiríonn teagasc agus foghlaim TEN i Scoil Eorpach go praiticiúil príomhphrionsabail Bheartas Teanga an chórais Scoile Eorpaigh: Príomhthábhacht na máthairtheanga (Teanga 1); teangacha náisiúnta gach Ballstáit den Aontas Eorpach a aithint agus tiomantas a thabhairt dóibh tacú leo; córas oideachais ilteangach a thairiscint a chuireann an dátheangachas chun cinn.

Tá ranganna TEN 'cosanta' sa mhéid is go mbunófar ranganna d'aon líon scoláirí de Chatagóir 1. Cuirtear TEN ar fáil mar ábhar roghnach breise sa chéad timthriall ach is féidir é a ghlacadh mar L4 ó S4.

Baineann na socruithe tráthchláir seo a leanas le TEN ag leibhéal iarbhunscoile:

Blianta S1-S3 araon san áireamh (timthriall 1)	2 x 45 tréimhsí nóiméad sa tseachtain
Blianta S4 – S5 (timthriall 2)	4 x 45 tréimhsí nóiméad sa tseachtain
Blianta S6 – S7 (timthriall 3)	4 x 45 tréimhsí nóiméad sa tseachtain

Tugadh siollabas Gaeilge TEN isteach i Meán Fómhair 2011, siollabas Máltaise TEN in 2012 agus siollabais Fionlainnise agus Sualainnise TEN in 2013.

Is leagan beagán athbhreithnithe agus nuashonraithe de na siollabais atá ann an leagan seo de na siollabais. Tógann sé ar an dea-chleachtas atá ann agus urramaíonn sé prionsabal an chomhchuibhithe agus é ar an eolas faoi riachtanais náisiúnta áirithe freisin.

Tá sé mar aidhm ag siollabais iar-bhunscoile TEN cur leis na scileanna atá gnóthaithe ag scoláirí cheana féin agus a gcuid eolais agus inniúlachtaí teanga a fhorbairt tuilleadh. Tá sé mar aidhm acu úsáid nádúrtha agus chumarsáideach na teanga a chur chun cinn agus tá sé i gceist acu foghlaimeoirí a ullmhú chun cúrsaí tríú leibhéal a leanúint más mian leo. Déanann siad iarracht an cumas a thabhairt do scoláirí cineálacha éagsúla téacsanna a ionramháil agus a úsáid agus feacht níos doimhne a thabhairt dóibh ar an TEN áirithe, a theanga, a chultúr agus a litríocht.

Tá siollabais TEN bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa do Theagasc agus Foghlaim Teangacha Eachtracha<sup>3</sup> agus an Creat Eorpach um Phríomh-Inniúlachtaí don Foghlaim ar feadh an tSaoil<sup>4</sup>.

Léiríonn na siollabais ina gcuspóirí, a n-ábhar agus a modhanna cur chuige comhchoiteann comhchuibhithe mar a chuirtear chun cinn é i réimse na nuatheangacha i Scoileanna na hEorpa agus mar a úsáideann go leor córas náisiúnta.

<sup>2</sup> Leagan reatha: 2019-04-D-13

<sup>3</sup> See Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching and Assessment Companion Volume with New Descriptors <https://coe.int>

<sup>4</sup> Key Competences for Lifelong Learning (Publication Office of the EU, 2019) <https://op.europa.eu>

Díríonn na siollabais ar an eolas agus ar na hinniúlachtaí atá le baint amach ag deireadh gach timthrialla, agus cuimsíonn siad cuspóirí ginearálta, prionsabail theagascacha, cuspóirí foghlama, ábhar, tuairiscí measúnaithe agus gnóthachtála. Cuireann siad na torthaí foghlama i láthair a mbeifear ag súil go mbainfidh scoláirí amach iad ag deireadh gach timthrialla, agus déanann siad cur síos ar an eolas agus na scileanna a fhorbróidh siad le go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

Tá struchtúr an tsiollabais gairid d'aon ghnó ach déantar é a leathnú trí thráchttaireacht (Féach iarscríbhinn 6.2.1). Is féidir leis an Sharepoint Oideolaíoch (Microsoft Office 365) fóram a sholáthar le haghaidh treoirínte breise, soiléirithe nó comhairle.

## Réamhrá (Leagan FR)

Le document 2011-01-D-33-fr-7<sup>5</sup> relatif à la structure des études et l'organisation des cours aux Ecoles européennes, approuvé par le Conseil supérieur en avril 2011, fut le premier à prévoir des dispositions particulières pour l'enseignement des « autres langues nationales » (ONL – Other National Languages). A la suite de la réforme des programmes d'études proposés par les Ecoles européennes, un nouveau document concernant la politique linguistique et l'organisation des études, le document 2019-01-D-35, *Politique linguistique des Ecoles européennes*, a été approuvé par le Conseil supérieur en avril 2019 et est entré en vigueur en septembre 2019.

L'enseignement et l'apprentissage d'une ONL dans une Ecole européenne reflètent en pratique les principes fondamentaux de la Politique linguistique du système des Ecoles européennes : l'importance primordiale de la langue maternelle (Langue I) ; la reconnaissance des langues nationales de chaque Etat membre de l'Union européenne, et l'engagement à les favoriser ; la proposition d'un système éducatif multilingue qui favorise le plurilinguisme.

Les cours d'ONL sont « protégés », c'est-à-dire créés pour les élèves de Catégorie I quel que soit leur nombre. L'ONL est proposée en tant que cours à option supplémentaire au premier cycle, mais peut être la LIV à partir de la 4<sup>e</sup> secondaire.

Les dispositions horaires suivantes sont applicables à l'ONL à l'école secondaire :

1 <sup>re</sup> -3 <sup>e</sup> (1 <sup>er</sup> cycle)	2 périodes hebdomadaires de 45 minutes
4 <sup>e</sup> & 5 <sup>e</sup> (2 <sup>e</sup> cycle)	4 périodes hebdomadaires de 45 minutes
6 <sup>e</sup> & 7 <sup>e</sup> (3 <sup>e</sup> cycle)	4 périodes hebdomadaires de 45 minutes

Le programme d'ONL Irlandais a été introduit en septembre 2011, le programme d'ONL Maltais en 2012, et les programmes d'ONL Finnois et Suédois en 2013.

Cette version des programmes est une version légèrement revue et mise à jour des programmes existants. Elle s'appuie sur les bonnes pratiques mises en place et respecte le principe d'harmonisation tout en tenant compte des exigences nationales particulières.

Les programmes d'ONL de secondaire ont vocation à s'appuyer sur les savoir-faire que les élèves ont déjà acquis et à perfectionner leur maîtrise et leurs compétences linguistiques. Ils visent à promouvoir l'usage naturel de la langue dans la communication et à préparer les apprenants à suivre des études supérieures s'ils le souhaitent. Ils entendent doter les élèves de la capacité à manipuler et exploiter divers types de textes et à approfondir leur sensibilité à l'ONL concernée, sa culture et sa littérature.

---

<sup>5</sup> Version actuelle : 2019-04-D-13

Les programmes d'ONL reposent sur le *Cadre européen commun de référence pour l'enseignement et l'apprentissage les langues étrangères*<sup>6</sup> et le *Cadre européen des compétences clés pour l'éducation et la formation tout au long de la vie*<sup>7</sup>.

A travers leurs objectifs, leur contenu et leurs méthodes, les programmes traduisent une approche commune harmonisée, favorisée par les Ecoles européennes dans le domaine des langues modernes et déjà adoptée par de nombreux systèmes nationaux.

Les programmes se concentrent sur les savoirs et les compétences à acquérir au terme de chaque cycle et abordent des objectifs généraux, des principes didactiques, des objectifs d'apprentissage, des contenus, l'évaluation ainsi que les descripteurs de niveaux atteints. Ils présentent les acquis de l'apprentissage que les élèves sont censés maîtriser au terme de chaque cycle et décrivent les savoirs et savoir-faire qu'ils acquerront pour communiquer efficacement.

La structure du programme est volontairement succincte mais fait l'objet d'un développement sous la forme d'un commentaire (voir l'Annexe 6.2.1). Le Sharepoint pédagogique (Microsoft Office 365) peut fournir un forum où trouver des directives, éclaircissements ou conseils supplémentaires.

## Einführung (Leagan DE)

Mit Dokument 2011-01-D-33-de-7<sup>8</sup> über die Unterrichts- und Fächerorganisation an den Europäischen Schulen, das durch den Obersten Rat im April 2011 genehmigt wurde, wurden erstmals Sondervorkehrungen für den Unterricht von ALS (*Andere Landessprachen - Other National Languages*) eingeführt. Nach der Reform der Lehrpläne der Europäischen Schulen wurde im April 2019 durch den Obersten Rat ein neues Dokument zur Sprachenpolitik und Fächerorganisation, 2019-01-D-35, *Sprachenpolitik der Europäischen Schulen*, genehmigt, das im September 2019 in Kraft trat.

Unterricht und Lernen einer ALS an einer Europäischen Schule reflektieren in der Praxis die Kernprinzipien der Sprachenpolitik im System der Europäischen Schulen: Die vorrangige Bedeutung der Muttersprache (Sprache 1); die Anerkennung und das Engagement zur Unterstützung der Landessprachen jedes Mitgliedsstaates der Europäischen Union; das Angebot eines vielsprachigen Bildungssystems, das Mehrsprachigkeit fördert.

ALS-Klassen sind insofern „geschützt“, als sie für gleich welche Anzahl von Schüler/innen der Kategorie I eingerichtet werden. ALS wird im ersten Klassenstufenbereich als zusätzliches Wahlfach angeboten, kann aber ab S4 als L4 gewählt werden.

Folgende Stundenplanvorgaben sind im Sekundarbereich für ALS zu beachten:

Jahre S1 - S3 (Klassenstufenbereich 1)	2 Unterrichtsstunden von 45 Minuten pro Woche
Jahre S4 - S5 (Klassenstufenbereich 2)	4 Unterrichtsstunden von 45 Minuten pro Woche
Jahre S6 - S7 (Klassenstufenbereich 3)	4 Unterrichtsstunden von 45 Minuten pro Woche

<sup>6</sup> Voir le Cadre européen commun de référence pour les langues : apprendre, enseigner, évaluer – Volume

<sup>7</sup> Compétences clés pour l'éducation et la formation tout au long de la vie (Office des publications de l'Union européenne, 2019) (<https://op.europa.eu>)

<sup>8</sup> Aktuelle Version: 2019-04-D-13

Der Lehrplan Irisch ALS wurde im September 2011 eingeführt, der Lehrplan Maltesisch ALS 2012 und die Lehrpläne Finnisch und Schwedisch ALS 2013.

Diese Version der Lehrpläne ist eine geringfügig überarbeitete und aktualisierte Version der bestehenden Lehrpläne. Sie baut auf bestehenden bewährten Praktiken auf und respektiert den Grundsatz der Harmonisierung, während sie auch besondere nationale Anforderungen anerkennt.

Die ALS-Lehrpläne für den Sekundarbereich beruhen auf den bereits erworbenen Fertigkeiten der Schüler/innen und bezwecken den weiteren Ausbau ihres Wissens und ihrer Kompetenzen. Ihr Ziel ist die Förderung der natürlichen und kommunikativen Sprachverwendung sowie die Vorbereitung der Lernenden auf eine Fortsetzung ihrer Erziehung im tertiären Bildungsbereich, insofern dies gewünscht ist. Die Schüler/innen sollen lernen, mit unterschiedlichen Textformen umzugehen und diese einzusetzen, und ein besseres Verständnis der jeweiligen ALS, ihrer Sprache, Kultur und Literatur erwerben.

Die ALS-Lehrpläne stützen sich weitgehend auf das *Gemeinsame Europäische Rahmenwerk für den Unterrichts- und Lernprozess für Fremdsprachen*<sup>9</sup> und das *Europäische Rahmenwerk für Schlüsselkompetenzen für lebenslanges Lernen*.<sup>10</sup>

Die Lehrpläne spiegeln in ihren Zielsetzungen, in ihrem Inhalt und in ihren Methoden einen gemeinsamen, harmonisierten Zugang für die modernen Sprachen an den Europäischen Schulen wieder, wie dieser bereits in zahlreichen nationalen Bildungssystemen gefördert wird.

Die Lehrpläne zielen auf das Wissen und die Kompetenzen ab, die zum Ende einer jeden Stufe erreicht werden müssen, und enthalten allgemeine Zielsetzungen, didaktische Grundsätze, Lernziele, Lerninhalte, Beurteilungsmethoden sowie Leistungsdeskriptoren. Sie definieren die Lernergebnisse, die von den Schüler/innen zum Abschluss einer jeden Stufe erwartet werden, und beschreiben das Wissen und die Fertigkeiten, die sie sich aneignen müssen, um effizient kommunizieren zu können.

Die konzise Struktur ist beabsichtigt und wird durch einen Kommentar (siehe Anhang 6.2.1) weiter ausgeführt. Der pädagogische SharePoint (Microsoft Office 365) kann ein Forum für zusätzliche Leitlinien, Verdeutlichungen oder Ratschläge bieten.

---

<sup>9</sup> Siehe Gemeinsamer Europäischer Referenzrahmen für Sprachen: Learning, Teaching and Assessment Companion Volume with New Descriptors <https://coe.int>

<sup>10</sup> Schlüsselkompetenzen für lebenslanges Lernen (Amt für Veröffentlichung der EU, 2019) <https://op.europa.eu>

# 1. Cuspóirí ginearálta

Dhá cheann de chuspóirí na Scoileanna Eorpacha is ea oideachas foirmiúil, ábharbhunaithe a chur ar fáil agus forbairt phearsanta scoláirí a chothú i gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne. Is é atá i gceist le hoideachas foirmiúil ná coincheapa a ghnóthú (eolas, scileanna, meonta) laistigh de gach achar ábhair. Tarlaíonn forbairt phearsanta i raon comhthéacsanna spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha. Áirítear inti feachtas ar iompar cuí, tuiscint don timpeallacht ina n-oibríonn agus a maireann scoláirí agus forbairt ar a bhféiniúlacht indibhidiúil.

Cothaítear an dá chuspóir seo i gcomhthéacs feachtas breisithe ar shaibhreas chultúr na hEorpa. Ba chóir go ngríosódh feachtas agus taithí ar shaol comhpháirteach Eorpach na scoláirí chun breis omóis a léiriú do thraidisiúin gach tíre agus gach réigiúin ar leith san Eoraip, fad a bheadh a bhféiniúlachtaí náisiúnta féin á bhforbairt agus á gcoinneáil slán.

Saoránaigh na hEorpa agus an domhain a bheidh i scoláirí na Scoileanna Eorpacha sa todhchaí. Dá réir sin, beidh raon ábaltachtaí ag teastáil uathu le gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhain atá ag athrú go mear. Sa bhliain 2006, ghlac Comhairle na hEorpa agus Párlaimint na hEorpa le *Creatlach Eorpach de Eochairchumais don Fhoghlaim ar feadh Saoil*. Sainaithníonn sé seo ocht n-eochairchumas a bhíonn ag teastáil ó gach éinne d'fhéinchomhlíonadh agus d'fhorbairt phearsanta, do shaoránacht ghníomhach, do chuimsiú sóisialta agus d'fhostaíocht.

Rinneadh athbhreithniú ar na hocht bpríomh-inniúlacht seo níos déanaí agus mhol an Chomhairle Eorpach doiciméad nuashonraithe agus ghlac Parlaimint na hEorpa leis in 2019 Príomh-Inniúlachtaí um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (2019, Oifig Foilsitheoireachta Lucsamburg an Aontais Eorpaigh). Dá bhrí sin, is iad na hocht bpríomh-inniúlacht athbhreithnithe ná:

1. Inniúlacht litearthachta
2. Inniúlacht ilteangach
3. Inniúlacht mhatamaiticiúil agus inniúlacht san eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht
4. Inniúlacht dhigiteach
5. Inniúlacht phearsanta, shóisialta agus foghlama chun foghlaim
6. Inniúlacht shaoránachta
7. Inniúlacht fiontraíochta
8. Feachtas chultúrtha agus inniúlacht léirithe

Féachann curaclam na Scoileanna Eorpacha leis na heochairchumais seo go huile a chothú sna scoláirí.

Féachann an siollabas Gaeilge TEN le deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun taithí a fháil ar an gcultúr Gaelach tríd an litríocht, ceol agus béaloideas. Chomh maith leis sin féachann sé a bhféinmheas agus a bhféinmhúinín a fhorbairt trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus a n-oidhreacht chultúrtha Eorpach.

Tá na cuspóirí foghlama tagarmharcáilte in aghaidh na leibhéil tagartha i *Creatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theangacha (CTCE)* de chuid Chomhairle na hEorpa.

Timthriall	Leibhéal inniúlachta
Timthriall 1: S1, S2 + S3	A2
Timthriall 2: S4 + S5	B1
Timthriall 3: S6 + S7	B2

Do theagasc agus d'fhoghlaim teangacha iasachta i gcóras na Scoileanna Eorpacha, déanfar tagairt do na tagarmharcanna CTCE seo a leanas:

L2	C1
L3	B1+
L4	A2+
TEN	B2

## 2. Prionsabail Theagascacha

Tá teagasc agus foghlaim an ábhair bunaithe ar na prionsabail theagascacha ghinearálta seo a leanas:

- **Teagasc agus foghlaim chomhtháite:** Déanann naisc agus comhghaolta i measc réimsí éagsúla churaclam na Scoile Eorpaí an fhoghlaim ina eispéireas níos cuimsithí agus níos bríomhaire.
- **Foghlaim ghníomhach:** De réir a chéile, bíonn scoláirí freagrach as a bpróiseas foghlama féin.

Cuirtear na prionsabail seo i bhfeidhm trí chur chuige agus straitéisí éagsúla teagaisc agus foghlama, trí mhodhanna difreáilte teagaisc a úsáid, agus trí raon leathan acmhainní foghlama a úsáid lena n-áirítear uirlisí agus acmhainní digiteacha.

Tá na prionsabail theagascacha seo a leanas beartaithe chun teagasc agus foghlaim na Gaeilge TEN a threorú:

- Is aidhm uileghabhálach foghlama í inniúlacht chumarsáideach teanga.
- Ba chóir scileanna na héisteachta, na léitheoireachta, na hidirghníomhaíochta labhartha, na táirgeachta labhartha agus na scríbhneoireachta a fhorbairt, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.
- Ba chóir don teagasc dul chun cinn na scoláirí a thaifeadadh trí na céimeanna éagsúla i sealbhú teanga. Ba cheart botúin na scoláirí a úsáid go cuiditheach chun an fhoghlaim a fhorbairt.
- Ba chóir an sprioctheanga a úsáid a oiread agus is féidir.
- Ba chóir scoláirí a spreagadh chun leas a bhaint as na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu.
- Ba chóir modhanna agus straitéisí teagaisc éagsúla a úsáid.
- Ba chóir modheolaíochtaí difreáilte teagaisc a úsáid chun freastal ar riachtanais éagsúla gach scoláire.
- Ba cheart stíleanna foghlama éagsúla na scoláirí, luas na foghlama, scileanna sóisialta, láidreachtaí agus laigí a úsáid chun an leas is fearr a bhaint as.
- Bainfidh scoláirí líofacht, cruinneas agus neamhspleáchas amach trí úsáid a bhaint as raon acmhainní foghlama lena n-áirítear TFC (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide).



- Glactar leis go bhfuil tuiscint mhaith ar an teanga mar chóras ag tuiscint mhaith ar an teanga i gcomhthéacs.
- Ba chóir tosaíocht a thabhairt d'fheidhmiúlacht agus gramadach, moirfeolaíocht agus stór focal á múineadh.
- Ba cheart inniúlacht sochtheangeolaíoch na scoláirí a fhorbairt chun feasacht ar ghnéithe mar sainréim teanga, cineálacha teanga, srl. a chur san áireamh.
- Ba chóir feasacht chultúrtha na scoláirí a chothú trí litríocht agus téacsanna dílse a úsáid.
- Beidh tuiscint ag scoláirí ar fhorbairt na teanga agus ar a gné Eorpach agus dhomhanda.

Níl an liosta thuas lánchuímsitheach ná níl sé in ord tábhachta.

### 3. Cuspóirí Foghlama

Sa chuid seo leagtar amach na príomhchuspóirí foghlama atá le baint amach ag deireadh na dtrí thimthriall. Leanann na timthriallta seo ag cur leis agus ag forbairt a thuilleadh ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a ghnóthaíonn na scoláirí sna naíolanna agus sna ranganna bunscoile. Is féidir na cuspóirí foghlama do Ghaeilge TEN sa naíonra agus sa bhunscoil a fháil i 2020-01-D-68-ga-2 Siollabas don Ghaeilge - Naíolann agus Bunscoil.

#### Cuspóirí foghlama do Thimthriall 1 (S1-S3)

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach labhartha, bunaithe ar achair a bhfuil ábharthacht phearsanta láithreach ag baint leo, a thuiscint agus an príomhphointe i dteachtairachtaí agus i bhfógraí gearra, soiléire a aimsiú.
2. Téacsanna gearra, simplí faoi thopicí aithnidiúla agus ábhair an ghnáthshaoil, scríofa i nGaeilge, a léamh agus a thuiscint e.g. fógraí sa rangsheomra Gaeilge, suímh idirlín i nGaeilge srl.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráití faoi thopaicí agus gníomhaíochtaí aithnidiúla.
4. Cur síos a dhéanamh ar a d(h)omhan féin (teaghlach, caitheamh aimsire, baile mór, scoil, etc.) le tagairt éigin don am atá caite agus don todhchaí.
5. Nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gearra, simplí a scríobh mar gheall ar imeachtaí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint bhunúsach a léiriú ar chultúr na hÉireann agus na pobail a labhraíonn Gaeilge.
7. An t-eolas cultúrtha atá sealbhaithe aige/aici a ghaolú le heolas cultúrtha na hÉireann agus na pobail a labhraíonn Gaeilge.
8. Raon straitéisí foghlaim teanga a shainaithint agus a fheidhmiú.
9. Raon scileanna bunúsacha staidéir agus uirlisí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.

#### Cuspóirí foghlama do Thimthriall 2 (S4-S5)

Um dheireadh Thimthriall 2, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach labhartha, atá bainteach le taithí phearsanta agus le roinnt topaicí spéise níos leithne, a thuiscint maille le príomhphointí clár theilifíse agus raidió nuair a bhíonn an seachadadh soiléir agus mall.
2. Téacsanna, arb é a bhíonn iontu ná gnáthchaint an lae, a léamh agus a thuiscint agus a bheith ábalta eolas sonracha a phiocadh amach as téacsanna gearra liteartha agus neamhliteartha.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráite agus eolas a mhalartú i dtaobh an ghnáthshaoil agus topaicí spéise ginearálta.

4. Cur síos ó bhéal, ar bhealach soiléir, ar a t(h)aithí, a d(h)óchas agus a p(h)leananna féin, agus scéal nó plota leabhair nó scannáin a aithris.
5. Téacsanna simplí, soiléire a scríobh ar thoipicí atá bainteach le himeachtaí, taithí agus tuairimí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint áirithe a léiriú ar chultúr na hÉireann, ar a n-áirítear an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs.
7. Cóid bhunúsacha idirchultúrtha a aithint agus a úsáid chun idirghníomhú go cuí le cainteoirí Gaeilge.
8. Straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a f(h)oghlaim individiúil teanga féin a eagrú.
9. Eolas ó raon leathan acmhainní páipéar-bhunaithe agus leictreonacha a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil, chun a scileanna teanga a fhorbairt.

### **Cuspóirí foghlama do Thimthriall 3 (S6-S7)**

Um dheireadh Thimthriall 3, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach, atá bainteach le topaicí spéise ginearálta agus le cúrsaí reatha mar mhíreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha as cláir raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus scannáin ghearra, a thuiscint.
2. Téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha, ina gcuireann scríbhneoirí dearcthaí sonracha chun tosaigh, a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar théacsanna liteartha cuí, idir phrós agus fhilíocht.
3. Idirghníomhú le cainteoirí dúchasacha, bheith páirteach i gcomhráite mar gheall ar thopaicí gnáthúla agus tuairimí pearsanta a chur in iúl go measartha líofa as a stuaim féin.
4. Cuntais shoiléire, mhionsonraithe a thabhairt ar raon leathan ábhar atá bainteach lena (h)achar spéise féin, agus na cúiseanna atá le tuairimí agus pleananna a thabhairt agus iad a mhíniú
5. Téacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn, mar shampla aistí, tuairiscí, litreacha agus bloganna a chuireann dearcthaí nó barúla ar raon topaicí spéise ginearálta in iúl.
6. Léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-áireofaí an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne.
7. Úsáid a bhaint as raon cóid idirchultúrtha chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
8. Bheith freagrach, níos mó agus níos mó, as a f(h)oghlaim teanga féin.
9. Na hacmhainní atá ar fáil a mheas go criticiúil, agus iad siúd is intaofa agus is oiriúnaí do chuspóirí agus do lucht cumarsáide ar leith a roghnú.

## **4. Ábhar. (Achoimre – cur síos níos iomláine ar fáil in Aguisín 6.2.1)**

### **Timthriall 1 (S1-S3)**

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- eolas áirithe ar fhoghraíocht, tuin chainte agus rialacha litriúcháin
- eolas ar fhoclóir agus ar nathanna cainte coitianta
- eolas ar phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí

- eolas ar conas foclóirí agus acmhainní eile, TFC san áireamh, a úsáid
- feasacht ar chultúr thír/phobal na sprioctheanga
- eolas áirithe ar bhunstraitéisí foghlaim teanga, ina measc feasacht ar a ndul chun cinn féin.

### **Timthriall 2 (S4-S5)**

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 1, um dheireadh Thimthriall 2 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag na scoláirí

- eolas maith ar fhoghraíocht agus tuin chainte, agus rialacha comhdhlúite litriúcháin
- raon leathnaithe foclóra agus nathanna cainte
- raon leathnaithe patrúin focal agus struchtúir ghramadaí
- eolas ar conas obair thionscnaimh a dhéanamh, ag baint úsáid as raon acmhainní, ina measc TFC
- eolas áirithe ar stair agus cultúr thír/phobail na sprioctheanga agus teagmháil áirithe le téacsanna liteartha
- raon straitéisí foghlaim teanga agus uirlisí chun a bhfuil foghlamtha acu féin a mheas.

### **Timthriall 3 (S6-S7)**

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 2, um dheireadh Thimthriall 3 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- máistreacht bhunúsach ar chanúintí agus eolas ar réimeanna teanga eagsúla do dhála difriúla
- raon leathan foclóra agus foclóir a bhaineann le coincheapa teibí san áireamh
- raon de struchtúir ghramadaí choimpléascacha
- straitéisí do thaighde neamhspleách ag baint úsáid as raon acmhainní, ina measc TFC
- léargas ar chultúr thír/phobail na sprioctheanga agus staidéar ar théacsanna liteartha san áireamh \*
- straitéisí neamhspleácha foghlama agus an cumas chun a bhfuil foghlamtha aige/aici féin a mheas.

\* Déanfaidh scoláirí staidéar ar dhá théacs ainmnithe, ceann amháin le linn bliana S6 agus ceann eile le linn bliana S7. Tá na sonraí ar fáil ar na Foirne Ábharbhunaithe ag leibhéal an chórais.

## **5. Measúnú**

Moltar do mhúinteoirí teanga na n-inniúlachtaí uile mar atá sna cuspóirí foghlama agus tuirisí gnóthachtála a mheas. De bharr go ndíorthaítear tuairiscíní gnóthachtála go díreach ó na cuspóirí foghlama a bhaineann go sonrath le timthriall is féidir leo ról lárnach a bheith acu i dtacú le féinmheasúnú agus piarmheasúnú mar is féidir leo freisin maidir le haiseolas éifeachtach a sholáthar. Nuair a úsáidtear iad chun gnóthachtáil a léirmhíniú, is féidir leo tacú le dul chun cinn na scoláirí agus le spriocanna foghlama a leagan síos.

### **Timthriall 1 (S1 – S3)**

#### A) Measúnú Foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú.

### **Timthriall 2 (S4 - S5)**

#### A) Measúnú Foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú.

#### B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an timthrialla beidh scrúdú scríofa ag teacht leis na riachtanais de réir na cáipéise *Measúnú chomhchuibhithe ag deireadh an 5ú Bliain agus scrúduithe scríofa i dtreo marcanna B sa 5ú bliain 2018-01-D-19-en-2*. Tá roinnt samplaí a forbraíodh mar chuid den obair ar dhearadh an Chórais Mharcála Nua: Treoracha Úsáide ar fáil ag

<https://eursc.sharepoint.com/sites/pedagogicalmaterial/SitePages/All-resources-%26-teams.aspx>

### **Timthriall 3 (S6- S7)**

#### A) Measúnú foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. Ba chóir go mbeadh éisteacht, léitheoireacht, idirghníomhaíocht labhartha, cur in iúl labhartha agus scríbhneoireacht san áireamh sa mheasúnú.

## B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an triú timthriall, i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, déanfaidh na scoláirí scrúdú lárnach scríofa nó ó bhéal. De ghnáth, cumhdófar sna scrúduithe siollabas Bhliain 7, ach scrúdófar freisin eolas a ghnóthaítear sna blianta roimhe sin go háirithe Bliain 6.

***Sa chás go roghnaíonn scoláire an scrúdú scríofa i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, ní mór scileanna labhartha agus scileanna éisteachta an scoláire sin a thástáil go foirmeálta i rith na bliana deireanaí agus go mbeadh na marcanna mar dhlúthchuid den C mharc a bhronntar ar an an ábhar.***

***Sa tslí chéanna, i gcás go roghnaíonn an scoláire an bhéaltrial i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, ní mór scileanna scríofa an scoláire sin a thástáil go foirmeálta i rith na bliana agus go mbeadh na marcanna mar dhlúthchuid den C mharc a bhronntar ar an ábhar.***

### **An scrúdú scríofa:**

Beidh trí chuid sa pháipéar scríofa:

Cuid 1: Sliocht anaithnid léamhthuisceana, le ceisteanna bunaithe ar an téacs.

Cuid 2: Ceacht scríofa (ginchumais) le thart ar 250 focal ar théama atá gaolmhar i slí éigin le hábhar an téacs féin.

Cuid 3: Ceacht scríofa ar an litríocht ainmnithe ar théacs amháin nó ar dhá théacs.

### **An Bhéaltrial:**

Beidh 20 nóiméad ag scoláirí chun téacs nach raibh feicthe acu cheana a ullmhú. Ag tús na béaltrialach beidh deis ag an scoláire a chuid smaointe ar théama agus ar ábhar an téacs a chur in iúl. I ndiaidh a chéile, is cineál agallaimh idir an scoláire agus na scrúdaitheoirí a bheidh sa bhéaltrial. Beidh tuiscint an scoláire ar na téacsanna ainmnithe litríochta, téacs amháin nó an dá théacs, mar chuid den bhéaltrial seo.

## 5.1. Tuairiscíní Gnóthachtála

Marc	Ainmneoir	ECTS	Tuairiscín	Timthriall 1	Timthriall 2	Timthriall 3
9-10	Sár-mhaith	A	Éisteacht	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>sár-mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus is féidir leis/léi na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta a thuiscint go <b>sár-mhaith</b> .	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>sár-mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>sár-mhaith</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chláir theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>sár-mhaith</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláir raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.
			Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sár-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sár-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go sár-chumasach</b> .	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sár-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearchtaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire <b>leibhéal sár-mhaith</b> tuisceana agus anailíse ar théacsanna liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
			Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach <b>go han-ghníomhach agus go han-líofa</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach <b>go han-ghníomhach agus go han-líofa</b> i gcomhráite agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go sár-mhaith</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh <b>go han-ghníomhach agus go han líofa</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh <b>go sár-mhaith</b> i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú <b>le sár-</b>

					<b>líofacht agus le sár-spontáineacht.</b>
		Labhairt	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go sár-chumasach</b> ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am atá thart agus don am atá le teacht.	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go sár-chumasach</b> , ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis nó léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>go sár-mhaith</b> .	Tá an scoláire <b>sár-chumasach</b> ag cur tuairiscí soiléire le mion-eolas a i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>go sár-chumasach</b> .
		Scribhneoireacht	Tá an scoláire ábalta nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh <b>go sár-chumasach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh <b>go sár-chumasach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacsanna le mion-eolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiriú tuairimí nó dearthaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh <b>go sár-chumasach</b> .
		Feasacht Chultúrtha	Is féidir leis an scoláire eolas bunúsach agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú <b>go sár-chumasach</b> agus is féidir leis/léi ceangal a dhéanamh <b>go sár-chumasach</b> idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus tír na sprioctheanga agus a pobail.	Is féidir leis an scoláire roinnt tuisceana a léiriú <b>go sár-chumasach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>sár-eolas</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chúí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga,	Is féidir leis an scoláire léargas agus tuiscint níos doimhne a léiriú <b>go sár-chumasach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cóid idirchultúrtha a úsáid <b>go sár-</b>

					agus tá sé/sí ábalta iad a úsáid <b>go sár-mhaith</b> .	<b>chumasach</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
			Foghlaim Teanga	Tá an scoláire ábalta raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus a chur i bhfeidhm <b>go sár-mhaith</b> agus tá sé/sí ábalta raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm <b>go sár-mhaith</b> ar fhoghlaim na sprioctheanga.	Tá an scoláire ábalta raon straitéisí éifeachtacha a roghnú <b>go sár-mhaith</b> chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí ábalta eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil <b>go sár-mhaith</b> ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.	Tá an scoláire ábalta freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh <b>go sár-mhaith</b> ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí ábalta meastóireacht chriticiúil a dhéanamh <b>go sár-mhaith</b> ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.
<b>8-8.9</b>	An-mhaith	B	Éisteacht	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>an-mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus is féidir leis/léi na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta a thuiscint <b>go han-mhaith</b> .	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>an-mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>an-mhaith</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chláir theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>an-mhaith</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláir raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.
			Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal an-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi topaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal an-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal an-mhaith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearthaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire



				phiocadh amach go <b>han-chumasach</b> .	<b>leibhéal an-mhaith</b> tuisceana agus anailíse ar théacsanna liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
		Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach <b>go gníomhach agus go líofa</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach <b>go gníomhach agus go líofa</b> i gcomhráite agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go han-chumasach</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh <b>go gníomhach agus go líofa</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh <b>go han-mhaith</b> i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú <b>le han-líofacht agus le han-spontáineacht</b> .
		Labhairt	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh go <b>han-chumasach</b> ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go han-chumasach</b> , ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis/léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>go han-mhaith</b> .	Tá an scoláire <b>an-chumasach</b> ag cur tuairiscí soiléire le mion-eolas a i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>go han-chumasach</b> .
		Scríbhneoireacht	Tá an scoláire ábalta nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh <b>go han-chumasach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh <b>go han-chumasach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacsanna le mioneolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiriú tuairimí nó dearchtaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh <b>go h-an chumasach</b> .
		Feasacht Chultúrtha	Is féidir leis an scoláire eolas bunúsach agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na	Is féidir leis an scoláire roinnt tuisceana a léiriú go <b>han-chumasach</b> ar chultúr	Is féidir leis an scoláire léargais agus tuiscint níos doimhne a léiriú <b>go han-</b>

				<p>sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú go <b>han-chumasach</b> agus is féidir leis/léi ceangal a dhéanamh <b>go han-chumasach</b> idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus a tír na sprioctheanga agus a pobail.</p>	<p>na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>an-eolas</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus tá sé/sí ábalta iad a úsáid <b>go han-mhaith</b>.</p>	<p><b>chumasach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cód idirchultúrtha a úsáid <b>go han-chumasach</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.</p>
			Foghlaim Teanga	<p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus a chur i bhfeidhm go <b>han-mhaith</b> agus tá sé/sí ábalta raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm <b>go han-mhaith</b> ar fhoghlaim na sprioctheanga.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí éifeachtacha a roghnú <b>go han-mhaith</b> chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí ábalta eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil <b>go han-mhaith</b> ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh <b>go han-mhaith</b> ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí ábalta meastóireacht chriticiúil a dhéanamh <b>go han-mhaith</b> ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.</p>
7-7.9	Maith	C	Éisteacht	<p>Léiríonn an scoláire tuiscint <b>mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus is féidir leis/léi na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta a tuiscint <b>go maith</b>.</p>	<p>Léiríonn an scoláire tuiscint <b>mhaith</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>mhaith</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chlár theilifíse agus raidió</p>	<p>Léiríonn an scoláire tuiscint <b>mhaith</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláracha raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.</p>

				ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	
		Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal maith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal maith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go cumasach</b> .	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal maith</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearcthaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire <b>leibhéal maith</b> tuisceana agus anailise ar théacsanna liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
		Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach <b>go gníomhach agus go réasúnta líofa</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach <b>go gníomhach agus go réasúnta líofa</b> i gcomhráite agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go cumasach</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh <b>go gníomhach agus go réasúnta líofa</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh <b>go cumasach</b> i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú <b>le líofacht agus le spontáineacht réasúnta</b> .
		Labhairt	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go cumasach</b> ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go cumasach</b> , ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis/ léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>go cumasach</b> .	Tá an scoláire <b>cumasach</b> ag cur tuairiscí soiléire le mion-eolas i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>go cumasach</b> .

			<p>Scríbhneoireacht</p> <p>Tá an scoláire ábalta nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh <b>go cumasach</b>.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh <b>go cumasach</b>.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta téacsanna le mion-eolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiríonn tuairimí nó dearchtaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh <b>go cumasach</b>.</p>
			<p>Feasacht Chultúrtha</p> <p>Is féidir leis an scoláire eolas bunúsach agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú <b>go cumasach</b> agus is féidir leis/léi ceangal a dhéanamh <b>go cumasach</b> idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus tír na sprioctheanga agus a pobail.</p>	<p>Is féidir leis an scoláire roinnt tuisceana a léiriú <b>go cumasach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>eolas maith</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus tá sé/sí ábalta iad a úsáid <b>go cumasach</b>.</p>	<p>Is féidir leis an scoláire léargais agus tuiscint níos doimhne a léiriú <b>go cumasach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cóid idirchultúrtha a úsáid <b>go cumasach</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.</p>
			<p>Foghlaim Teanga</p> <p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus a chur i bhfeidhm <b>go cumasach</b> agus tá sé/sí ábalta raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm <b>go cumasach</b> ar fhoghlaim na sprioctheanga.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí éifeachtacha a roghnú <b>go cumasach</b> chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí ábalta <b>go cumasach</b> eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh <b>go cumasach</b> ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí ábalta <b>go cumasach</b> meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.</p>

6-6.9	Sásúil	D	Éisteacht	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>shásúil</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus bíonn tuiscint <b>shásúil</b> aige/aici ar na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>shásúil</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>shásúil</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chlár theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>shásúil</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláracha raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.
			Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sásúil</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sásúil</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go sásúil</b> .	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal sásúil</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearcthaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire <b>leibhéal sásúil</b> tuisceana agus anailíse ar théacsanna liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
			Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach <b>le roinnt líofachta</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach <b>le roinnt líofachta</b> i gcomhráite agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go sásúil</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh <b>le roinnt líofachta</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh <b>go sásúil</b> i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú <b>le roinnt líofachta agus le roinnt spontáineachta</b> .

			<p>Labhairt</p> <p>Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go sásúil</b> ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go sásúil</b>, ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis nó léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>go sásúil</b>.</p>	<p>Tá an scoláire <b>sásúil</b> ag cur tuairiscí soiléire le mion-eolas i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>go sásúil</b>.</p>
			<p>Scríbhneoireacht</p> <p>Tá an scoláire ábalta nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh <b>go sásúil</b>.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh <b>go sásúil</b>.</p>	<p>Tá an scoláire ábalta téacsanna le mion-eolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiríonn tuairimí nó dearchtaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh <b>go sásúil</b>.</p>
			<p>Feasacht Chultúrtha</p> <p>Is féidir leis an scoláire eolas bunúsach agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú <b>go sásúil</b> agus is féidir leis/léi ceangal a dhéanamh <b>go sásúil</b> idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus a tír na sprioctheanga agus a pobail.</p>	<p>Is féidir leis an scoláire roinnt tuisceana a léiriú <b>go sásúil</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>eolas sásúil</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus tá sé/sí ábalta iad a úsáid <b>go sásúil</b>.</p>	<p>Is féidir leis an scoláire léargais agus tuiscint níos doimhne a léiriú <b>go sásúil</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cóid idirchultúrtha a úsáid <b>go sásúil</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.</p>
			<p>Foghlaim Teanga</p> <p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus a chur i bhfeidhm <b>go sásúil</b> agus tá sé/sí ábalta raon bunscileanna</p>	<p>Tá an scoláire ábalta raon straitéisí éifeachtacha a roghnú <b>go sásúil</b> chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí</p>	<p>Tá an scoláire ábalta freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh <b>go sásúil</b> ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí ábalta meastóireacht</p>

				staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm <b>go sásúil</b> ar fhoghlaim na sprioctheanga.	ábailta eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil <b>go sásúil</b> ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.	chriticiúil a dhéanamh <b>go sásúil</b> ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.
5-5.9	Dóthanach	E	Éisteacht	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>dhóthanach</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus bíonn tuiscint <b>dhóthanach</b> aige/aici ar na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>dhóthanach</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>dhóthanach</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chlár theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>dhóthanach</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláracha raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.
			Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal dóthanach</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal dóthanach</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go dóthanach</b> .	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal dóthanach</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearcthaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire <b>leibhéal dóthanach</b> tuisceana agus anailíse ar théacsanna

					liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
		Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach le <b>líofacht theoranta</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach le <b>líofacht theoranta</b> i gcomhráite agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go dóthanach</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh le <b>líofacht theoranta</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh <b>go dóthanach</b> i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú le <b>líofacht theoranta agus le spontáineacht theoranta</b> .
		Labhairt	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go dóthanach</b> ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.	Tá an scoláire ábalta cur síos a dhéanamh <b>go dóthanach</b> , ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis/léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>go dóthanach</b> .	Tá an scoláire <b>dóthanach</b> ag cur tuairiscí soiléire le mion-eolas i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>go dóthanach</b> .
		Scríbhneoireacht	Tá an scoláire ábalta nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh <b>go dóthanach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh <b>go dóthanach</b> .	Tá an scoláire ábalta téacsanna le mion-eolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiríonn tuairimí nó dearchtaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh <b>go dóthanach</b> .
		Feasacht Chultúrtha	Is féidir leis an scoláire eolas bunúsach agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú <b>go dóthanach</b> agus is féidir leis/léi ceangal	Is féidir leis an scoláire roinnt tuisceana a léiriú <b>go dóthanach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha,	Is féidir leis an scoláire léargais agus tuiscint níos doimhne a léiriú <b>go dóthanach</b> ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear



				a dhéanamh <b>go dóthanach</b> idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus tír na sprioctheanga agus a pobail.	litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>eolas dóthanach</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus tá sé/sí ábalta iad a úsáid <b>go dóthanach</b> .	sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cóid idirchultúrtha a úsáid <b>go dóthanach</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
			Foghlaim Teanga	Tá an scoláire ábalta raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus a chur i bhfeidhm <b>go dóthanach</b> agus tá sé/sí ábalta raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm <b>go dóthanach</b> ar fhoghlaim na sprioctheanga.	Tá an scoláire ábalta raon straitéisí éifeachtacha a roghnú <b>go dóthanach</b> chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí ábalta eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil <b>go dóthanach</b> ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.	Tá an scoláire ábalta freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh <b>go dóthanach</b> ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí ábalta meastóireacht chriticiúil a dhéanamh <b>go dóthanach</b> ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.
3-4.9	Teip (Lag)	F	Éisteacht	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>theoranta</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus bíonn tuiscint <b>theoranta</b> aige/aici ar na príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta.	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>theoranta</b> ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus bíonn tuiscint <b>theoranta</b> aige/aici ar na príomhphointí ó chláir theilifíse agus raidió	Léiríonn an scoláire tuiscint <b>theoranta</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláir raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.

				ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.	
		Léitheoireacht	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal teoranta</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal teoranta</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go teoranta</b> .	Léiríonn an scoláire <b>leibhéal teoranta</b> léitheoireachta agus tuisceana ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearchtaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire <b>leibhéal teoranta</b> tuisceana agus anailíse ar théacsanna liteartha ar a n-áirítear próis agus filíocht.
		Cumarsáid Labhartha	Bíonn an scoláire páirteach <b>le líofacht an-teoranta</b> i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	Bíonn an scoláire páirteach <b>le líofacht an-teoranta</b> i gcomhráití agus is féidir leis/léi eolas a mhalartú <b>go teoranta</b> faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	Is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh <b>le líofacht an-teoranta</b> le cainteoirí dúchais agus is féidir leis/léi páirt a ghlacadh, <b>le deacrachtaí</b> , i bplé ar ghnáth-thopaicí agus tuairimí pearsanta a léiriú <b>le líofacht agus le spontáineacht an-teoranta</b> .
		Labhairt	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht</b> , cur síos a dhéanamh ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht</b> , cur síos a dhéanamh ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is féidir leis nó léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>le deacrachtaí</b> .	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht</b> , tuairiscí soiléire le mion-eolas a chur i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus is féidir leis/léi cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl <b>le deacrachtaí</b> .

			Scríbhneoireacht	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, nótaí,</b> teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, téacs simplí,</b> soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, téacsanna le mion-eolas ar nós aistí,</b> tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiríonn tuairimí nó dearchtaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh.
			Feasacht Chultúrtha	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, eolas bunúsach</b> agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú agus tá <b>sé/sí ábalta, le deacracht,</b> ceangal a dhéanamh idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus tír na sprioctheanga agus a pobail.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, roinnt</b> tuisceana a léiriú ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>eolas teoranta</b> aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus is féidir leis/léi iad a úsáid <b>le deacracht.</b>	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, léargais</b> agus tuiscint níos doimhne a léiriú ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus is féidir leis/léi raon cóid idirchultúrtha a úsáid, <b>le deacracht,</b> chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
			Foghlaim Teanga	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, raon straitéisí</b> d'fhoghlaim teanga a aithint agus tá <b>sé/sí ábalta, le deacracht,</b> raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, raon straitéisí</b> éifeachtacha a roghnú chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá <b>sé/sí ábalta, le deacracht,</b> eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.	<b>Tá an scoláire ábalta, le deacracht, freagracht</b> bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh ar a f(h)oghlaim féin agus tá <b>sé/sí ábalta, le deacracht,</b> meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.

0-2.9	Teip (An-Lag)	FX	Éisteacht	<p><b>Is ar éigean a léiríonn an scoláire tuiscint ar bith/ní léiríonn sé/sí aon tuiscint a bheith aige/aici ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le réimsí den saol pearsanta agus éiríonn leis/léi <b>tuiscint an-teoranta</b> a bhaint as príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta nó <b>ní éiríonn leis/léi aon tuiscint</b> a bhaint as príomhphointí ó theachtaireachtaí agus ó fhógraí soiléire, gonta.</b></p>	<p><b>Is ar éigean a léiríonn an scoláire tuiscint ar bith/ní léiríonn sé/sí aon tuiscint a bheith aige/aici ar ghnáthchaint a bhaineann go díreach le heispéiris phearsanta mar aon le roinnt topaicí ó réimsí spéise níos leithne agus éiríonn leis/léi <b>tuiscint an-teoranta</b> a bhaint as cláir theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall nó <b>ní éiríonn leis/léi aon tuiscint</b> a bhaint as cláir theilifíse agus raidió ina mbíonn an cur i láthair soiléir agus mall.</b></p>	<p><b>Is ar éigean a léiríonn an scoláire tuiscint ar bith/ ní léiríonn sé/sí aon tuiscint</b> ar chaint bainteach le topaicí ginearálta agus le cúrsaí reatha ar nós míreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha ó chláracha raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus gearrscannáin.</p>
			Léitheoireacht	<p><b>Is ar éigean a léiríonn an scoláire leibhéal ar bith/ní léiríonn an scoláire go bhfuil aon leibhéal</b> léitheoireachta agus tuisceana aige/aici ar théacsanna scríofa gonta faoi thopaicí a bhfuil taithí aige/aici orthu agus faoi ghnáthábhair.</p>	<p><b>Is ar éigean a léiríonn an scoláire leibhéal ar bith/ní léiríonn an scoláire go bhfuil aon leibhéal</b> léitheoireachta agus tuisceana aige/aici ar théacsanna ina bhfuil gnáth-theanga laethúil agus is féidir leis/léi eolas ar leith ó ghearrthéacsanna liteartha agus neamhliteartha a phiocadh amach <b>go han-teoranta nó ní féidir.</b></p>	<p>Is ar éigean a léiríonn an scoláire <b>leibhéal ar bith/ní léiríonn an scoláire go bhfuil aon leibhéal</b> léitheoireachta agus tuisceana aige/aici ar théacsanna bainteach le fadhbanna reatha ina mbíonn dearthaí ar leith á nglacadh ag na scríbhneoirí agus léiríonn an scoláire nach bhfuil <b>aon leibhéal nó leibhéal an-teoranta</b> tuisceana agus anailíse aige/aici ar théacsanna</p>

					liteartha ar a n-áirítear prós agus filíocht.
		Cumarsáid Labhartha	<b>Is ar éigean a ghlacann an scoláire páirt ar bith nó ní ghlacann sé/sí aon pháirt</b> , i gcomhráite faoi thopaicí agus faoi ghníomhaíochtaí aithnidiúla.	<b>Is ar éigean a ghlacann an scoláire páirt ar bith nó ní ghlacann sé/sí aon pháirt i gcomhráite agus is ar éigean is féidir leis/léi nó ní féidir leis/léi</b> eolas a mhalartú faoin saol laethúil agus faoi thopaicí ginearálta.	<b>Is ar éigean is féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh nó ní bhíonn cumarsáid ar bith</b> , le cainteoirí dúchais agus <b>ní ghlacann sé/sí aon pháirt nó glacann sé/sí páirt fhíorbheag</b> , i bplé ar ghnáth-thopaic <b>le líofacht agus le spontáineacht an-teoranta, nó gan ann dá leithéid.</b>
		Labhairt	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean /neamhábalta</b> cur síos a dhéanamh ar a s(h)aol pearsanta le roinnt tagairtí don am a chuaigh thart agus don am atá le teacht.	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean /neamhábalta</b> cur síos a dhéanamh ar bhealach soiléir ar a (h)eispéiris, a m(h)ianta agus a p(h)leananna agus is ar éigean is féidir leis nó léi scéal nó plota leabhair nó scannáin, a insint <b>nó ní féidir leis léi é seo a dhéanamh in aon chor.</b>	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean /neamhábalta</b> tuairiscí soiléire le mion-eolas a chur i láthair ar raon leathan ábhar bainteach lena réimse spéise, agus tá sé/sí <b>ar ábalta ar éigean /neamhábalta</b> cúiseanna agus míniúcháin ar thuairimí agus ar phleananna a chur in iúl.
		Scríbhneoireacht	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean ábalta/neamhábalta</b> nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gonta, simplí faoi ghnáthchúrsaí a scríobh.	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean ábalta/neamhábalta</b> téacs simplí, soiléir a bhaineann le gnáthchúrsaí, le heispéiris agus le tuairimí a scríobh.	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean /neamhábalta</b> téacsanna le mion-eolas ar nós aistí, tuairiscí, litreacha agus blaganna, a léiríonn tuairimí nó dearcthaí ar raon topaicí ginearálta a scríobh.
		Feasacht Chultúrtha	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> , eolas bunúsach agus tuiscint	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean / neamhábalta</b> roinnt tuisceana a léiriú ar chultúr	Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean/ neamhábalta</b> léargais agus tuiscint níos

			<p>bhunúsach ar chultúr na sprioctheanga agus ar a pobail a léiriú agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean, neamhábalta</b>, ceangal a dhéanamh idir eolas cultúrtha atá sealbhaithe agus tír na sprioctheanga agus a pobail.</p>	<p>na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus tá <b>eolas an-teoranta ar fad, nó níl aon eolas</b>, aige/aici ar na cóid idirchultúrtha bhunúsacha chun cumarsáid chuí a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga, agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean / neamhábalta</b> iad a úsáid.</p>	<p>doimhne a léiriú ar chultúr na tíre lena mbaineann an sprioctheanga ar a n-áirítear sochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne, agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> raon cód idirchultúrtha a úsáid chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.</p>
		Foghlaim Teanga	<p>Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> raon straitéisí d'fhoghlaim teanga a aithint agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> raon bunscileanna staidéir agus raon uirlisí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.</p>	<p>Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> raon straitéisí éifeachtacha a roghnú chun eagar a chur ar a f(h)oghlaim teanga féin agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> eolas a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil ó raon leathan foinsí páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt.</p>	<p>Tá an scoláire <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> freagracht bhreise, de réir a chéile, a ghlacadh ar a f(h)oghlaim féin agus tá sé/sí <b>ábalta ar éigean/neamhábalta</b> meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil, agus na cinn is iontaofa agus is oiriúnaí a roghnú d'ócáidí agus do phobail foghlama ar leith.</p>

## 6. Iarscríbhinní

### 6.1. Baccalauréat na hEorpa

Tá na cáipéisí seo a leanas bunaithe ar na riachtanais le haghaidh scrúduithe, mar atá mínithe i ndoiciméad Córas Marcála na Scoileanna Eorpacha: Treoirlínte Úsáide - 2017-05-D-29

#### Gaeilge TEN Maitrís

Tasc/Cuid an Scrúdaithe	Inniúlacht	Luacháil de reir %	Torthaí Foghlama	Ceisteanna	Measúnú/Marcáil	Luacháil de réir pointí
<b>Léamh-thuisicint (30)</b>	<p><b>Léamh don tuisicint</b></p> <p>- Aimsiú, aithint agus tuisicint ghinearálta ar an téacs</p> <p><b>Anailís</b></p> <p><b>Léirmhíniú agus léiriú</b></p>	100%	<p><i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha ina gcuireann scríbhneoirí dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuisicint</i></p> <p><i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuisicint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne</i></p>		Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdpháipéir	Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdpháipéir
Fo-chuid		100%				30
<b>Ginchumas Scríofa (30)</b>	<p><b>Scríobh</b></p> <p>- Comhlíonadh riachtanais an taisc</p>	30%	<p><i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn</i></p>		Rúibric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc	9
	<b>Scríobh</b>	20%				6

	<b>Argóint agus smaointeoireacht chriticiúil</b> - Láimhseáil an ábhair - Comhtháthú agus struchtúr smaointe				Rúibric chomhaontaithe do láimhseáil an ábhair agus chomhtháthú	
	<b>Cumas Teanga</b> - Cumas Teanga agus Cruinneas	50%			Rúibric chomhaontaithe do chumas teanga agus cruinneas	15
Fo-chuid		100%				30
<b>Tuiscint ar theacsanna litríochta</b>	<b>Eolas</b> -Eolas ar an téacs agus ar chomhthéacs an téacs #	40%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta téacsanna comhaimseartha ina gcuirtear dearchtaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar théacsanna liteartha cuí, idir phrós agus fhilíocht</i>		Rúibric chomhaontaithe don téacs agus comhthéacs	16
	<b>Smaointeoireacht chriticiúil</b> - Comhlíonadh riachtanais an taisc - Fianaise den aisfhreagairt phearsanta	40%			Rúibric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc & an aisfhreagairt phearsanta	16
	<b>Cumas Teanga agus Cruinneas</b>	20%		<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus na healaíona i gcoitinne</i>		Rúibric chomhaontaithe don chumas teanga agus cruinneas
Fo-chuid Sub-part						40
<b>Iomlán Total</b>						<b>100</b>

\* Athróidh luacháil na bhfo-inniúlachtaí ó scrúdpháipéar go scrúdpháipéar ag braith ar an gcineál téacs a úsáidfeá. Is den tábhacht é, mar sin féin, go ndéanfar measúnú i gcónaí ar thuiscint ar an téacs (léamhthuiscint) agus ar thuiscint ar anailís.



GAEILGE TEN MAITRÍS MARCÁLA: PÁIPÉAR SAMPLACH

Tasc/Cuid an Scrúdaithe	Inniúlacht	Luacháil de reir %	Torthaí Foghlama	Ceisteanna	Measúnú/Marcáil	Luacháil de reir pointí
<b>Léamh-thuisct</b> (30)	<b>Léamh don thuisct</b>  - Aimsiu, aithint agus tuiscint ginearálta ar an teacs  <b>Anailís</b>  <b>Léirmhíniú agus léiriú</b>	100%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha ina gcuireann scríbhneoirí dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuisct</i>  <i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsocháí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne</i>	<b>Léamh don thuisct</b> 1(a) 1 (b) 1 (c)  2 (a) 2(b)  3 4(a)	Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdphaipéir	12
				<b>Anailis</b>  4 (b) 5 8		10
				<b>Léirmhíniú agus léiriú</b>  6 7		8
Fo-chuid		100%				30
<b>Ginchumas Scríofa (30)</b>	<b>Scríobh</b>  - Comhlíonadh riachtanais an <b>taisc</b>	30%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: teacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn</i>	2 a/b	Rúbric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc	9
	<b>Scríobh</b>	20%				6

	<b>Argóint &amp; smaointeoireacht chriticiúil</b> - Láimhseáil an ábhair - Comtháthú				Rúibríc chomhaontaithe do laimhseáil an ábhair agus chomhtháthú	
	<b>Cumas Teanga</b> - Cumas Teanga agus Cruinneas	50%			Rúibríc chomhaontaithe do chumas teanga agus cruinneas	15
Fo-chuid		100%				30
<b>Tuiscint ar theacsanna a litríochta</b>	<b>Eolas</b> -Eolas ar an teacs agus ar chomtheacs an teacs	40%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta teacsanna comhaimseartha ina gcuireann dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar theacsanna liteartha cuí, idir próis agus fhilíocht</i>	3 a1/a2 nó b1/b2	Rúibríc chomhaontaithe don teacs agus comhthéacs	16
	<b>Smaointeoireacht chriticiúil Critical Thinking</b> - Comhlíonadh riachtanais an taisc - Fianaise den aisfhreagairt phearsanta	40%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne</i>		Rúibríc chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc & an aisfhreagairt phearsanta	16
	<b>Cumas Teanga agus Cruinneas</b>	20%	<i>Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne</i>		Rúibríc chomhaontaithe don chumas teanga agus cruinneas	8
Fo-chuid						40
<b>Total</b>						<b>100</b>

\* Athróidh luacháil na bhfoinniúlachtaí ó scrúdpháipéar go scrúdpháipéar ag braith ar an gcineál téacs a úsáidfeá. Is den tábhacht é, mar sin féin, go ndéanfar measúnú i **gcónaí ar thuiscint ar an téacs (léamhthuiscint) agus ar thuiscint ar anailís.**

**GAEILGE - Teanga Eile Náisiúnta**

## **PÁIPÉAR SAMPLACH**

**FAD AN SCRÚDAITHE: 3 hUAIRE (180 NÓIMÉAD)**

**NÍL AON ÁIS FHOGHLAMA CEADAITHE**


**NÍL AON TREORACHA SPEISIALTA**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2 AGUS 3, AS GAEILGE  
TÁ ROGHA I gCUID 3.**

## CUID 1

### (Iomlán 30 marc)

Léigh an giota seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



#### Sclábhaí thú 2,617 uair sa lá, toisc go bhfuil fón póca agat...

An raibh a fhios agat go leagann tú do mhéar ar do ghuthán póca 2,617 uair sa lá? Bhuel, tá a fhios agat anois!

5 Bhain an uimhir sin siar asam nuair a tháinig mé uirthi an lá cheana, in alt fada faoi theicneolaithe atá ‘ar an taobh istigh’ agus a bhfuil inní ollmhór orthu faoin tionchar atá ag gutháin chliste ar aigne an duine. Ach ní raibh inti ach staitistic scanrúil. Bhain rud a rinne mé féin aréir siar i bhfad Éireann níos mó asam. Ghreamaigh mé nóta Post-It de mo ghuthán póca agus an téacs seo air: ‘Fan amach!’ D’fhág mé an fón agus an nóta air i mo sheomra oibre agus dhún an doras i mo dhiaidh.

10 Sa *Guardian*, deir an Meiriceánach Cris Marcellino – fear a chaith na blianta ag obair don chomhlacht Apple agus a chum cuid den teicneolaíocht a choinníonn daoine greamaithe dá gcuid *iPhones*, ach atá ag staidéar le bheith ina dhochtúir faoi láthair – gur léir dó féin go bhfuil tionchar ag ár ngutháin phóca ar na codanna sin den aigne a n-imríonn **cearrbhachas** agus úsáid drugaí tionchar orthu freisin.

15 Fadó fadó nuair ba dhéagóir mé, chaithinn cuid mhór den oíche i seomra oibre m’athar, áit a mbíodh príobháideachas agam nuair a bheadh sé féin thíos staighre. Chuirinn glaoch ar mo chairde ón scoil agus chaithinn uaireanta fada an chloig ar an bhfón leo. Ní mise a bhí ag íoc an bhille!

20 Tháinig deireadh leis na comhráite réchúiseacha sin nuair a bhog mé amach as teach mo mhuintire agus isteach i lóistín do mhic léinn i gcathair na Gaillimhe. Ní raibh fón sa bhloc árasán ina raibh mé i mo chónaí. Bhí orainn cártaí fóin a úsáid i bhforhalla an bhloic árasán in aice linn. Bhí na cártaí fóin a ghlac an gléas sin daor, ach níorbh é sin an t-aon chúis amháin a mbíodh deifir orm ar an bhfón sna laethanta sin. Bhíodh duine éigin eile ag fústráil thart san fhorhalla fuar sin i  
25 gcónaí, ag fanacht ar dheis an diabhal fóin a úsáid.

B’in sa bhliain 1996. Is deacair a chreidiúint go raibh fón póca ag gach duine an bhliain dár gcionn – ach b’in mar a tharla. Ba é 1997 an bhliain ar ghlac an

'píobaire póca' – mar a bhaist léachtóir Gaeilge amháin in Ollscoil na Gaillimhe ar an ngléas nua-aimseartha sin ag an am – seilbh ar ár saol.

30 Ach níor fhill laethanta na gcomhráite a mhaireadh uaireanta an chloig. Bhí táillí na bhfón póca ard go leor, agus lena chois sin, bhí teicneolaíocht nua ann. Teachtaireachtaí téacs a bhí i gcuid mhór den phíobaireacht a bhí ar siúl ag na *Nokias* agus na *Ericssons* i bpócaí na ndaoine. In am gairid, d'éirigh sé saghas mímhúinte glaoch a chur ar dhuine nuair a dhéanfadh teachtaireacht téacs cúis.

35 Ar aghaidh fiche bliain. An mhí seo caite, bhí comhrá osréalach agam le duine a d'iarr orm mo shonraí teagmhála a thabhairt dó. 'Tabhair dom do *WhatsApp*.' Dúirt mé leis nach raibh *WhatsApp* agam, ach thug mé dó m'uimhir ghutháin agus d'iarr air a uimhir féin a thabhairt domsa. 'Ní fiú dom m'uimhir a thabhairt duit mura bhfuil *WhatsApp* agat. Ní dhéanaim guthghlaonna.' Ní raibh teagmháil  
40 agam leis an duine sin ó shin.

Ach nach mór chuile oíche le leathbhliain anuas, caithim uair an chloig nó níos mó ar an bhfón le dlúthchara de mo chuid. Eisean a chuir tús leis an nós sin. Bíonn sé ag obair san oíche, tagann leadrán air agus cuireann sé glaoch ar a chairde, díreach mar a dhéanainnse nuair a bhí mé i mo dhéagóir. A bhuíochas  
45 leis an iomaíocht ó *WhatsApp* agus ó na modhanna cumarsáide téacsbhunaithe eile ar fad, ní chosnaíonn guthghlao faic sa lá atá inniu ann.

Agus is maith sin. Agus muid ag caint agus ag éisteacht le chéile go réchúiseach agus go foighneach, seachnaímid an strus agus na taomanna inní ar fad a thagann ar dhaoine a bhíonn ag fanacht ar theachtairachtaí nach dtagann agus a bhíonn doiléir nuair a thagann siad. Ní theastaíonn **straioseoga** ón té a bhaineann úsáid as an bhfón ar an gcaoi a raibh muid ceaptha úsáid a bhaint as an chéad lá riamh. An guth daonna. Nuair a bhíonn cumarsáid i gceist, ní bhíonn a shárú le fáil.

(707 focal)

*Sliocht athchóirithe bunaithe ar ailt ó phinn Alex Hijmans ar [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)  
Deireadh Fómhair 2017*

## **Gluais**

**cearrbhachas:** airgead a chuirtear mar gheall ar rud éigin (m.sh. ag cur airgid ar chapail)

**straioseoga:** straoiseog is ea an aghaidh bhuí le gáire a fheictear go minic ag bun téacsanna

**Freagair na ceisteanna seo a leanas i d'fhocail féin a oiread agus is féidir leat.**  
**(30 marc)**

- 1.**
- a) Conas a chuaigh an staitistic luaite sa teideal i bhfeidhm ar an údar? **1 marc**
- b) Conas a tháinig sé ar an eolas seo? **1 marc**
- c) Cad a rinne an t-údar leis an bhfón póca a bhí aige féin? **2 marc**
- 2.**
- a) Luaigh **dhá rud** a deir an t-údar linn faoi Chris Marcellino. **2 marc**
- b)
- (i) Nuair a bhí an t-údar ina dhéagóir, cár chaith sé roinnt mhaith ama?
- (ii) Cén fáth?
- (iii) Cad a rinne sé ann? **3 marc**
- 3.**
- Luaigh **dhá rud** a luann an t-údar faoin tslí ina ndearna sé glaonna gutháin nuair a bhí sé i gcathair na Gaillimhe. **2 marc**
- 4.**
- a) Cén leasainm a thug léachtóir ollscoile amháin ar an ngléas nua-aimseartha a tháinig ar an saol sna nóchaidí? **1 marc**
- b) Cé go raibh fón póca ag gach duine sa bhliain 1997, cén fáth nár lean siad ar aghaidh ag caint ar an bhfón an t-am ar fad? **2 marc**
- 5.** Cén fáth ar fearr leis an údar glaonna gutháin a dhéanamh ná téacsanna a chur? **3 marc**
- 6.** An gceapann tú go bhfuil teideal an ghiota seo oiriúnach? Luaigh **dhá chúis** le do fhreagra. **4 marc**
- 7.** Cén léargas a thugann an ghiota seo ar phearsantacht an údair? **4 marc**
- 8.** Ag baint úsáid as do chuid Gaeilge féin, mínigh na focail agus na frásaí seo a leanas i gcomhthéacs an ghiota:

- a) imní (líne 4)
- b) bhog mé (líne 19)
- c) táillí (líne 30)
- d) mímhúinte (líne 34)
- e) dlúthchara (líne 42)

**5 marc**

## **CUID 2**

**(30 marc)**

**Freagair A NÓ B**  
**(Ní gá dul thar 250 focal.)**

**A.** Bhí tú i gcaife le dlúthchara leat a chaith cuid mhór den am ar an bhfón. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh an cuntas a scríobh tú air sin i do bhlag nó i do dhialann phearsanta.

### **NÓ**

**B.** Scríobh alt do d'iris scoile ina labhraíonn tú faoi úsáid an fhóin phóca i saol an déagóra inniu.

## CUID 3

(40 marc)

### TÉACS AINMNITHE

Freagair A NÓ B

Léirigh go cúramach an cheist atá á freagairt agat agus déan tagairtí don téacs i do fhreagra. (Ní gá dul thar 400 focal)

#### A. *Strainséirí: Colmán Ó Raghallaigh*

- i) Scríobh cuntas ar an léargas a thugann an t-údar dúinn san úrscéal seo ar an saol a chaitheann an lucht siúil in Éirinn.

NÓ

- ii) “Tá an t-ádh le hEilí go bhfuil cara mar Niamh aici”. Pléigh an ráiteas sin.

NÓ

#### B. *Canary Wharf: Orna Ní Choileáin*

- i) Roghnaigh **beirt charachtar** a léiríonn clisteacht sna scéalta seo.

Déan cur síos ar an méid a rinne na carachtair seo a léiríonn a gcuid clisteachta.

NÓ

- ii) “Is scéalta gan dóchas iad cuid mhór de na scéalta sa chnuasach seo”.

Déan plé ar an ráiteas sin maidir le **dhá ghearrscéal** ar bith atá léite agat sa chnuasach.



# Critéir mheastóireachta don scrúdú scríofa do Ghaeilge TEN

## CUID 1: Iomlán 30 marc

Is í aidhm na coda seo den scrúdú ná cumas an scoláire a mheas maidir le **téacs a thuiscint**. Cuirtear ocht gceist anseo. Caithfidh an t-iarrthóir bunábhar an tsleachta a aithint agus gnéithe atá riachtanach le haghaidh brí an téacs a thuiscint a aimsiú. Tá na marcanna ag dul don tuiscint agus, dá réir sin, níl sé i gceist marcanna a bhaint de bharr easpa cruinnis.

1.

a) Conas a chuaigh an staitistic luaite sa teideal i bhfeidhm ar an údar?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc***

**Bhain sé geit as. / Baineadh siar as. / Is dócha nach raibh sé ag súil leis an staitistic seo. / Bhí ionadh air.**

b) Conas a tháinig sé ar an eolas seo?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc***

**Léigh sé in alt fada ina dtugann saineolaithe ón ‘taobh istigh’ léargas dúinn ar an ábhar seo. / Léigh sé é. / Léigh sé é in alt fada.**

c) Cad a rinne an t-údar leis an bhfón póca a bhí aige féin?

**Ghreamaigh sé nóta Post-It de leis an nóta ‘Fan Amach’ air. = 1 mharc  
D’fhág sé an fón ina sheomra agus d’fhan sé uaidh. = 2 mharc**

2.

a) Luaigh dhá rud a deir an t-údar linn faoi Chris Marcellino.

***Dhá cheann ar bith de na pointí seo a leanas = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc***

**Is Meiriceánach é. / Tá sé ag staidéar le bheith ina dhochtúir. / Chaith sé na blianta ag obair leis an gcomhlacht *Apple*. / Chum sé cuid den teicneolaíocht a bhaineann leis an bhfón póca. / Scríobh sé alt sa *Guardian* faoin tionchar atá ag an bhfón póca ar an aigne.**

b)

(i) Nuair a bhí an t-údar ina dhéagóir, cár chaith sé roinnt mhaith ama?

***Chaith sé cuid mhaith ama i seomra oibre a athar. = 1 mharc***

(ii) Cén fáth?

**Ceann amháin acu seo = 1 mharc:**

**Bhí sé príobháideach. / Bhí príobháideachas aige ann. / Ní raibh aon duine eile sa seomra seachas é féin.**

(iii) Cad a rinne sé ann?

**Ceann amháin acu seo = 1 mharc:**

**Chuir sé glooch ar a chairde scoile. / Chaith sé a lán ama ag caint ar an bhfón lena chairde scoile. / Chaith sé a lán ama ar an bhfón ag cur glaonna ar a chairde scoile.**

**3. Luaigh dhá rud a luann an t-údar faoin tslí ina ndearna sé glaonna gutháin nuair a bhí sé i gcathair na Gaillimhe.**

**Dhá cheann acu seo = 1 mharc + 1 mharc:**

**Bhain sé úsáid as (cheannaigh sé) cártaí fóin (a bhí daor). / Rinne sé na glaonna ar an bhfón a bhí i bhforhalla an bhoc árasán. / Ní raibh sé chomh héasca an fón a úsáid nó glaonna fada a chur mar bhí daoine ag fanacht ar a seal.**

**4.**

**a) Cén leasainm a thug léachtóir ollscoile amháin ar an ghléas nua-aimseartha a tháinig ar an saol sna nóchaidí?**

**An píobaire póca = 1 mharc**

**b) Cé go raibh fón póca ag gach duine sa bhliain 1997, cén fáth nár lean siad ar aghaidh ag caint ar an bhfón an t-am ar fad?**

**Dhá cheann acu seo = 1 mharc + 1 mharc:**

**Bhí costas (táillí) na bhfón póca ródhaor. = 1 mharc**

**Bhí teicneolaíochtaí nua ann. / Bhí na teachtaireachtaí téacs ann.**

**= 1 mharc**

**5. Cén fáth ar fearr leis an údar glaonna gutháin a dhéanamh ná téacsanna a chur?**

**Ceann amháin acu seo = 3 mharc**

**Ní úsáideann sé WhatsApp. / ní maith leis a bheith ag fanacht ar theachtaireachtaí. /**

**Níl guthghlao daor anois. / B'fhéarr leis bheith ag caint mar caitheann sé uair a chloig nó níos mó ag caint le cara leis gach oíche.**

**6. An gceapann tú go bhfuil teideal an ghiota seo oiriúnach? Luaigh dhá chúis le do fhreagra.**

**Dhá cheann acu seo x 2 mharc = 4 mharc**

**Tá féidearthachtaí éagsúla anseo. Má thugann an t-iarrthóir freagra le dealramh a léiríonn an tuiscint atá aige/aici ar oiriúnacht an teidil, moltar marcanna a bhronnadh air. Glac le cúiseanna ar aon dul leis na pointí seo a leanas:**

**Léiríonn an giota go bhfuil tionchar láidir ag an bhfón póca ar ár saol. /Táimid cosúil le sclábhaithe ag an bhfón póca. / Leagaimid ár méaranna ar an nguthán na mílte uaireanta in aghaidh an lae. / Tuigeann an t-údar an baol agus an tionchar a bhaineann leis an bhfón póca agus fanann sé amach uaidh.**

**7. Cén léargas a thugann an giota seo ar phearsantacht an údair?**

**Ceann amháin acu seo = 4 mharc**

**Tá féidearthachtaí éagsúla anseo. Má thugann an t-iarrthóir freagra le dealramh a léiríonn fianaise ar phearsantacht an údair, moltar marcanna a bhronnadh air**

**Freagraí féideartha:**

- Is duine é a léann ailt agus a chuireann suim i bhfíricí.
- Tá sé dáiríre faoi thionchar a d'fhéadfadh an fón póca a imirt air mar fanann sé amach óna fhón póca féin.
- Is duine cainteach é. Is maith leis a bheith ag caint le cara leis ar an bhfón gach oíche.
- Theastaigh príobháideachtas uaidh nuair a bhí sé níos óige. Théadh sé go seomra oibre a athar gach oíche chun go mbeadh príobháideachtas aige.
- Níl sé tugtha don teicneolaíocht nua-aimseartha. B'fhearr leis an guth agus an chumarsáid dhaonna.
- Tá féith an ghrinn ann. Deir sé go gcaitheadh sé uaireanta fada an chloig ag caint lena chairde scoile ar an bhfón ach nach eisean a bhí ag íoc an bhille!

**8. Ag baint úsáid as do chuid Gaeilge féin, mínigh na focail agus na frásaí seo a leanas i gcomhthéacs an tsleachta:**

- a) imní (líne 4) **buaireamh / trioblóid aigne = 1 mharc**
- b) bhog mé (líne 19) **d'aistrigh mé / chuaigh mé chun cónaí = 1 mharc**
- c) táillí (líne 30) **costais / praghas ruda = 1 mharc**
- d) mímhúinte (líne 34) **drochbhéasach / gan bheith béasach ná deas = 1 mharc**
- e) dlúthchara (líne 42) **cara dil / an cara is fearr / cara mór = 1 mharc**

**CUID 2**  
**(30 marc)**

**Freagair A NÓ B (Ní gá dul thar 250 focal.)**

**A.** Bhí tú i gcaife le dlúthchara leat a chaith cuid mhór den am ar an bhfón. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh an cuntas a scríobh tú air sin i do bhlag nó i do dhialann phearsanta.

**NÓ**

**B.** Scríobh alt do d'iris scoile ina labhraíonn tú faoi úsáid an fhóin phóca i saol an déagóra inniu.

---

Rúibric don Ghinchumas Scríofa  
Iomlán = 30 marc

	9	8	7	6	5	3-4	0-2
<b>Comhlíonadh riachtanais an taisc</b>	Léiriú sárchumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Léiriú an-chumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Léiriú cumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Léiriú sásúil ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Léiriú dóthaineach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Léiriú teoranta ar chomhlíonadh riachtanais an taisc	Neamhábailta riachtanais an taisc a chomhlíonadh
	6	5	4	4	3	2	0-1
<b>Láimhseáil an ábhair agus comhtháthú smaointe</b>	Léiriú sárchumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Léiriú an-chumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Léiriú cumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Léiriú sásúil ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Léiriú dóthaineach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Léiriú teoranta ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe	Neamhábailta láimhseáil an ábhair agus comhtháthú smaointe a léiriú
	14-15	12-13	10-11	8-9	7	4-6	0-3
<b>Cumas Teanga agus Cruinneas</b>	Léiriú sárchumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú an-chumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú cumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú sásúil ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú dóthaineach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú teoranta ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Neamhábailta scríobh: cumas teanga agus cruinneas a léiriú

**CUID 3**  
**(40 marc)**

**TÉACS AINMNITHE**

Léirigh go cúramach an cheist atá á freagairt agat agus déan tagairtí don téacs i do fhreagra. (Ní gá dul thar 400 focal)

Freagair A NÓ B:

**A. *Strainséirí: Colmán Ó Raghallaigh***

- i) Scríobh cuntas ar an léargas a thugann an t-údar dúinn san úrscéal seo ar an saol a chaitheann an lucht siúil in Éirinn.

**NÓ**

- ii) “Tá an t-ádh le hEilí go bhfuil cara mar Niamh aici”. Pléigh an ráiteas sin.

**NÓ**

**B. *Canary Wharf: Orna Ní Choileáin***

- i) Roghnaigh beirt charachtar a léiríonn clisteacht sna scéalta seo. Déan cur síos ar an méid a rinne na carachtair seo a léiríonn a gcuid clisteachta.

**NÓ**

- ii) “Is scéalta gan dóchas iad cuid mhór de na scéalta sa chnuasach seo”. Déan plé ar an ráiteas sin maidir le **dhá ghearrscéal** ar bith atá léite agat sa chnuasach.

**Rúibríic don Tuiscint ar Théacsanna Litríochta**  
Iomlán = 40 marc

	15-16	13-14	11-12	9-10	8	4-7	0-3
<b>Eolas : Téacs agus Comhthéacs</b>	Léiriú sárchumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs	Léiriú an-chumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs	Léiriú cumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs	Léiriú sásúil ar eolas: téacs agus comhthéacs	Léiriú dóthaineach ar eolas: téacs agus comhthéacs	Léiriú teoranta ar eolas: téacs agus comhthéacs	Neamhábailta eolas: téacs agus comhthéacs a léiriú
	15-16	13-14	11-12	9-10	8	4-7	0-3
<b>Smaointeoireacht Chriticiúil</b>	Léiriú sárchumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Léiriú an-chumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Léiriú cumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Léiriú sásúil ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Léiriú dóthaineach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Léiriú teoranta ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs	Neamhábailta an tasc a chomhlíonadh agus aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs a léiriú
	8	7	6	5	4	2-3	0-1
<b>Cumas Teanga agus Cruinneas</b>	Léiriú sárchumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú an-chumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú cumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú sásúil ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú dóthaineach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Léiriú teoranta ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas	Neamhábailta scríobh: cumas teanga agus cruinneas a léiriú

## Critéir Mheasúnaithe

IARRTHÓIR: \_\_\_\_\_

An Bhaitiléireacht Eorpach Scrúdú Gaeilge TEN / ONL

TAIFEAD AR MHEASÚNÚ

	Tá an t-iarrthóir in ann:	Marc
9.00 -10.00 <b>Sár-chumasach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>labhairt go líofa agus go spontáineach agus go nádúrtha agus é/í in ann réimse leathan struchtúr casta a úsáid gan dua, gan earráid ar bith geall leis;</li> <li>nathanna cainte a úsáid agus stór an-leathan foclóra a úsáid;</li> <li>forbairt iomlán a dhéanamh ar an téacs le teann aireachtála agus freagartha agus smaointe a chur in iúl go soiléir;</li> <li>tuiscint agus léargas an-mhaith a léiriú ar an litríocht ainmnithe agus tuairimí agus seasamh ina leith a chur in iúl go soiléir.</li> </ul>	
8.00 - 8.99 <b>An-chumasach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>labhairt go sách líofa agus go soiléir agus teanga ilchineálach agus oiriúnach á húsáid le réimse leathan struchtúr casta ach le fo-earráid;</li> <li>réimse maith foclóra a úsáid, agus nathanna cainte san áireamh;</li> <li>freagraí lárnacha cuí a thabhairt ar an téacs agus a c(h)uid smaointe a chur in iúl;</li> <li>tuiscint agus léargas sách maith a léiriú ar an litríocht ainmnithe agus tuairimí a chur in iúl gan dua.</li> </ul>	
7.00 - 7.99 <b>Cumasach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>labhairt go réasúnta líofa le hearráidí áirithe ach bunstruchtúir na teanga fós á n-úsáid go cruinn;</li> <li>réimse réasúnta leathan foclóra a úsáid, cé go mbíonn cuardach focal i gceist, ní chuirtear isteach ar an gcumarsáid;</li> <li>tuiscint mhaith ar an téacs a léiriú agus freagraí cuí a thabhairt ar ábhar an téacs;</li> <li>eolas ar an litríocht a léiriú agus comhrá a dhéanamh faoi agus a c(h)uid smaointe a chur in iúl.</li> </ul>	
6.00 - 6.99 <b>Sásúil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>labhairt go hinghlactha sa tslí gur féidir tuiscint shaoráideach a bhaint as, cé go mbíonn líon earráidí i gceist agus go bhféadfadh sé/sí bheith stadach;</li> <li>raon teoranta foclóra a úsáid ach atá fós oiriúnach;</li> <li>tuiscint ar phríomhphointí an téacs a léiriú agus freagraí a thabhairt trí chabhair leideanna an scrúdaitheora;</li> <li>eolas ar an litríocht a léiriú ach a léiríonn deacrachtaí le tuairimí a chur in iúl.</li> </ul>	
5.00 - 5.99 <b>Dóthaineach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>labhairt le cruinneas atá réasúnta maith i mbun na mbunstruchtúir ach a léiríonn deacracht i mbun teanga níos casta- cuireann earráidí isteach ar an tuiscint is féidir a bhaint as an gcaint;</li> <li>deacrachtaí a léiriú maidir le smaointe a chur in iúl le raon teoranta foclóra;</li> <li>tuiscint a léiriú ar chuid de phointí an téacs agus smaointe simplí a chur in iúl le cabhair an scrúdaitheora;</li> <li>tuiscint bhunúsach ar an litríocht ainmnithe a chur in iúl agus smaointe a chur in iúl i slí éigin.</li> </ul>	
3.00 - 4.99 <b>Teoranta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>bunstruchtúir a úsáid ach deacracht á léiriú maidir le smaointe a chur in iúl;</li> <li>freagra a thabhairt ar an téacs cé go bhfuil an freagra sin neamhiomlán;</li> <li>tagairt ar éigean a dhéanamh don litríocht ainmnithe agus gan é bheith in ann é a phlé i slí ar bith.</li> </ul>	
0 - 2.99 <b>Neamh-ábailta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá an t-iarrthóir: dothuigthe den chuid is mó gan mórán á rá aige - tá cumas teanga an-teoranta le mórearráidí aige agus teanga dhothuigthe á léiriú aige</li> <li>Níl aon tuiscint aige ar an dtéacs – deacrachtaí aige maidir le tuiscint ar an téacs; a chur in iúl</li> <li>Níl an t- iarrthóir ábalta tagairt ar bith a dhéanamh don litríocht ainmnithe.</li> </ul>	

Sínithe: \_\_\_\_\_

Scrúdaitheoir



## 6.2. Tráchtairacht

Tugann an chuid seo a leanas tráchtanna ar roinnt codanna den siollabas nuair is gá soiléiriú a dhéanamh. Tá athfhriotal ón siollabas i gcló iodálach.

### a) Prionsabail theagascacha

*Ba cheart na scileanna éisteachta, léitheoireachta, idirghníomhaíochta labhartha, táirgeadh labhartha agus scríbhneoireacht go léir a fhorbairt, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.*

Sa chéad timthriall, beidh an príomhfhócas ar éisteacht, léitheoireacht agus idirghníomhaíocht labhartha, agus beidh níos lú meáchain ann maidir le táirgeadh labhartha agus scríbhneoireacht.

Timthriall idirmheánach atá sa dara timthriall ina mbeidh ról méadaitheach ag táirgeadh labhartha agus beidh níos lú ualaithe ag an idirphlé. Bainfidh an rud céanna le scil na scríbhneoireachta a bheidh mar phríomhchuspóir foghlama.

Sa tríú timthriall, díreofar ar scríbhneoireacht agus ar léiriú cainte, agus na scileanna éisteachta, léitheoireachta agus idirghníomhaíochta labhartha á gcothú.

*Ba chóir scoláirí a spreagadh chun leas a bhaint as na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu.*

Is féidir le foghlaimoirí leas a bhaint as an eolas agus an taithí ar theangacha eile a fhoghlaim agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Is mór an tairbhe do straitéisí foghlama na scoláirí (“éifeacht teanga threasach”) leas a bhaint as na scileanna teanga atá ann cheana agus ba cheart iad a spreagadh. Aithneoidh na scoláirí gnéithe suntasacha den Ghaeilge óna gcuid eolais ar an mBéarla agus ar nuatheangacha eile. Tá sé tábhachtach difríochtaí agus na cosúlachtaí a aithint chun an teanga a shealbhú i gceart, i.e. focal ag tús na habairte sa teanga, córas moirfeolaíoch difriúil, coincheap na hinscne srl. Is féidir le húsáid machnamhach teanga, breathnuithe comparáideacha agus feasacht ar scileanna ginearálta foghlama teanga feasacht agus sealbhú teanga a fheabhsú go mór, agus cuireann sé ar chumas na mac léinn machnamh a dhéanamh ar a n-iarrachtaí féin an teanga a fhoghlaim.

*Ba chóir scoláirí a spreagadh chun na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu a úsáid.*

Tá sé ríthábhachtach modheolaíochtaí éagsúla teagaisc a úsáid. Mar shampla, athraíonn úsáid tascanna foghlama gníomhaí an fhoghlaim ó bheith ina gníomhaíocht éighníomhach den chuid is mó go ligean do smaointe agus tuairimí a roinnt, scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt agus pearsanú feabhsaithe ábhar an cheachta. De réir mar a spreagann modheolaíochtaí foghlama gníomhaí foghlaim neamhspleách agus chomhoibritheach, gnóthaíonn scoláirí níos mó ón eispéireas foghlama. I measc roinnt samplaí de na straitéisí seo tá: cleachtaí tobsmaointeoireachta, obair bheirte agus ghrúpa, cleachtaí rólghlacadh ag úsáid cártaí leide, gníomhaíochtaí bileog oibre, tráth na gceist, punanna, obair thionscadail, cur i láthair scoláirí agus díospóireachtaí.

*Spreagtar úsáid modheolaíochtaí difreáilte teagaisc d’fhonn freastal ar riachtanais éagsúla gach scoláire.*

Féadfaidh scoláirí a bhfuil raon leathan cumais agus taithí acu ar an teanga a bheith san áireamh i ngrúpaí ranga TEN, agus tá impleachtaí aige seo ar phleanáil ceachta. Féadann modheolaíochtaí difreáilte teagaisc a thabhairt isteach creat a sholáthar chun freastal ar raon riachtanas scoláirí. Is féidir oibriú ar chuspóirí nó ar chuspóirí foghlama ar leibhéal éagsúla. Is

féidir difreáil a thabhairt isteach trí straitéisí éagsúla teagaisc, mar shampla, trí ábhair theagaisc a oiriúnú do leibhéal éagsúla deacrachta le húsáid laistigh de rang amháin nó trí leibhéal éagsúla tascanna scoláire a leagan síos ar ábhar áirithe.

*Ba cheart stíleanna foghlama éagsúla na scoláirí, luas na foghlama, scileanna sóisialta, láidreachtaí agus laigí a úsáid chun an leas is fearr a bhaint as.*

I measc na stíleanna foghlama tá cineálacha cur chuige nó bealaí foghlama éagsúla a chuidíonn leis an scoláire aonair foghlaim is fearr. Tá stíleanna agus láidreachtaí foghlama na scoláirí (amhairc, cloisteála srl) nasctha le hintleachtaí éagsúla (teanga, loighciúil, ceoil, srl). Ba chóir do mhúinteoirí a modheolaíochtaí teagaisc a oiriúnú chun freastal ar riachtanais agus ar stíleanna foghlama éagsúla a gcuid scoláirí. Dá mhéad múinteoirí atá ar an eolas fúthu, is éifeachtaí a bheidh na torthaí foghlama.

*Glactar leis go bhfuil tuiscint mhaith ar an teanga mar chóras ag tuiscint mhaith ar an teanga i gcomhthéacs.*

Tá foghlaim teanga bunaithe ar chur chuige cumarsáideach agus dírithe ar ghníomhaíocht. Dá bhrí sin tá ról tábhachtach ag an gcomhthéacs. Ba chóir foclóir agus nathanna cainte a chur i láthair i gcásanna comhthéacsúla agus a fhorbairt ar bhealach córasach. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh ag gach céim foghlama go gcaithfidh scoláirí dul i dtreo na sprioctheanga trí chéimeanna forásacha agus go n-úsáidtear botúin go cuiditheach chun an fhoghlaim a fhorbairt. Mar sin féin, ba cheart úsáid cheart teanga a shaothrú go pointe réasúnta.

*Ba cheart inniúlacht sochtheangeolaíoch na scoláirí a fhorbairt chun feasacht ar ghnéithe mar chlár teanga, cineálacha teanga, srl.*

Is í inniúlacht sochtheangeolaíoch an cumas brí shóisialta na gcineálacha teanga (réimeanna, stíleanna, canúintí, srl.) a aithint agus a léirmhíniú, teanga a úsáid leis an gciall shóisialta iomchuí don staid cumarsáide agus cur go gníomhach le forbairt comhráite.

Samplaí: a bheith ar an eolas faoi na difríochtaí idir cásanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla, bealaí a aithint chun beannú do dhaoine, fios a bheith acu cathain agus conas moladh a thabhairt do dhaoine eile, leithscéal a ghabháil, nó cuirí a ghlacadh agus a dhiúltú, srl.

## **b) Cuspóirí foghlama**

### *1. timthriall 1, 2 and 3: Feasacht agus Meas ar chultúr agus ar theanga na hÉireann*

Le linn a gcuid staidéir ar an teanga, ba chóir scoláirí a spreagadh chun feasacht a fhorbairt ar stair na hÉireann agus ar éabhlóid na Gaeilge d'fhonn tuiscint níos mó a bheith acu ar a n-oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha.

### *2. timthriall 2 + 3: Cóid idirchultúrtha*

Is é an pointe tosaigh do thuiscint idirchultúrtha agus feasacht ar chóid idirchultúrtha ná eolas maith ar na réimsí a chruthaíonn difríochtaí cultúrtha: rialacha sóisialta, siombailí stairiúla, miotais, greann, slí beatha, custaim srl,

*timthriall 2 + 3: straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a c(h)uid fhoghlaim teanga a eagrú agus freagracht mhéadaitheach a ghlacadh as a c(h)uid fhoghlaim teanga*

Ceann d'aidhmeanna an tsiollabais seo is ea foghlaimeoirí a spreagadh chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi le foghlaim teanga eile a spreagadh. D'fhonn scoláirí a spreagadh le bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, uathrialacha agus machnamhach, ba cheart dóibh straitéisí a fhorbairt d'fhoghlaim teanga go héifeachtach. Mar shampla, trí chuspóirí foghlama a roinnt le scoláirí ag tús gach ceachta agus iad a spreagadh chun dialann foghlama a úsáid, is féidir le

múinteoirí cabhrú le scoláirí a gcuid foghlama féin a mheas. Cuireann úsáid uirlisí, mar ráitis 'is féidir liom' nó an Punann Teanga Eorpach, ar chumas na scoláirí spriocanna foghlama pearsanta réalaiócha a aithint.

Ina theannta sin, mar a luadh cheana, toisc go ndíorthaítear tuairiscíní gnóthachtála go díreach ó na cuspóirí foghlama a bhaineann go sonrath le timthriall is féidir leo ról lárnach a bheith acu i dtacú le féinmheasúnú agus piarmheasúnú mar is féidir leo freisin maidir le haiseolas éifeachtach a sholáthar. Nuair a úsáidtear iad chun gnóthachtáil a léirmhíniú, is féidir leo tacú le dul chun cinn na scoláirí agus le spriocanna foghlama a leagan síos.

3. *timthriall 3: téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha a léamh agus a thuiscint ina nglacann scríbhneoirí dearcaí ar leith, agus a dtuigeann agus a dhéanann anailís ar théacsanna liteartha iomchuí lena n-áirítear próis agus filíocht*

Ba cheart go mbeadh na scileanna ag scoláirí le go mbeadh siad in ann téacsanna de na seánraí liteartha éagsúla a léamh, a thuiscint agus a anailísiú chomh maith le seánraí neamhliteartha mar ailt nuachtáin, litreacha chuig an eagarthóir, díospóireachtaí, srl. Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn anailís an cumas chun príomhtheachtaireachtaí an téacs a chur in iúl agus a mhíniú, le cabhair ó théarmaí bunúsacha teicniúla nuair is gá.

### c) **Ábhar**

#### 1. *stór focal agus nathanna cainte (frásaí idiomatacha)*

I ngach timthriall ba chóir go gcuirfeadh an stór focal ar chumas na scoláirí na cuspóirí foghlama do na cúig scil a bhaint amach (féach cuspóirí foghlama 1-5).

Mar shampla sa chéad timthriall ba chóir go dtuigfeadh na scoláirí óráid chaighdeánach labhartha a bhaineann le réimsí a bhaineann go pearsanta láithreach agus príomhphointe na dteachtaireachtaí agus na bhfógraí gearra soiléire a ghabháil...

Cuideoidh an t-eolas ar nathanna laethúla agus ar fhrásaí idiomatacha le scoláirí an sprioctheanga a úsáid go spontáineach sa chéad timthriall.

#### 2. *patrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí*

Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'úsáid teanga agus d'fheidhmiúlacht maidir le gramadach a theagasc. Ba chóir an staidéar ar struchtúir shonracha teanga a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí agus i staideanna cumarsáide. Ba cheart na struchtúir ghramadaí riachtanacha a fhorbairt agus a mhéadú go seasta thar na trí thimthriall.

Ba cheart eolas ar struchtúir ghramadaí agus ar phatrúin focal ábhartha a fhorbairt de réir chuspóirí foghlama gach timthrialla.

Mar shampla:

Sa tríú timthriall d'fhonn a bheith in ann téacsanna mionsonraithe a scríobh le soiléireacht agus le cruinneas, mar aistí, tuarascálacha, litreacha agus blaganna, a chuireann tuairimí nó imprisean in iúl ar raon ábhar a bhfuil spéis ghinearálta acu, tá réimse casta struchtúir ghramadaí ag teastáil ó scoláirí.

#### 3. *Timthriall 1: feasacht ar chultúr thír na sprioctheanga*

Spreagtar ábhair dílse a úsáid, mar shampla dánta, míreanna gearra nuachta, irisí, fabhalscéalta, leaganacha oiriúnaithe de ghearrscéalta, seanscéalta srl. Sa chomhthéacs seo is féidir tairbhe ar leith a bhaint as TFC a úsáid.

#### *Timthriall 2: roinnt eolais ar stair agus ar chultúr thír na sprioctheanga le roinnt nochta do théacsanna liteartha*

Ba cheart go mbeadh rochtain ag scoláirí ar raon sleachta / sleachta as éagsúlacht téacsanna agus ábhar liteartha agus neamhliteartha, mar shampla gearrscéalta, dánta agus ailt nuachtáin, srl.

#### *Timthriall 3: léargas ar chultúr thír na sprioctheanga lena n-áirítear staidéar ar théacsanna liteartha*

Ba chóir do scoláirí staidéar a dhéanamh ar shamplaí ó na seánraí liteartha éagsúla chomh maith le seánraí neamhliteartha.

#### d) Measúnú

1. Déanann na scrúduithe deiridh measúnú ar a mhéid atá na cuspóirí foghlama don timthriall bainte amach ag na scoláirí.


Ba chóir do mhúinteoirí na cuspóirí foghlama a úsáid mar bhunús chun scoláirí a mheas.

2. Greillí féinmheasúnaithe a úsáid sa CEFR agus i bPunanna Teanga na hEorpa

Is uirlis úsáideach í an féinmheasúnú chun spreagadh agus feacht na scoláirí ar na próisis foghlama a mhéadú. Cabhraíonn sé leis an bhfoghlaiméir a chuid buanna agus laigí a fháil amach agus a c(h)uid foghlama a eagrú ar bhealach níos éifeachtaí.

Sna Punanna Teanga Eorpacha agus an CEFL, tugtar greillí féinmheasúnaithe (ráitis “Is féidir liom” a dhéanamh) mar uirlis fhorlíontach éifeachtach don fhoghlaiméir teanga.

#### 6.2.1. Míniú ar Ábhar do na Timthriallta Iarbhunscoile S1-S7



#### Réamhrá

Níl na samplaí léiritheacha de struchtúir ghramadaí, míreanna foclóra agus nathanna cainte a chuirtear ar fáil anseo saintreorach ná uileghabhálach. Eascraíonn siad as na Torthaí Foghlama atá le baint amach ag gach timthriall agus níl iontu ach treoir do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir leis an gcineál teanga is féidir a chleachtadh, a tháirgeadh agus a úsáid chun na Torthaí Foghlama seo a bhaint amach.

Déanann na Cuspóirí Foghlama a áirítear faoi gach timthriall thíos an t-ábhar a threorú agus a chinneadh; níor cheart, áfach, go gcuirfeadh na samplaí a thugtar srian ar bhealach ar bith leis an gcur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama. Is éard atá i gceist leo, ina áit, a bheith mar chuid de chur chuige solúbtha i leith an teagaisc agus na foghlama agus cuidiú le freastal ar stíleanna foghlama, riachtanais agus dul chun cinn na scoláirí. Soláthraíonn siad treoir scaoilte freisin do mhúinteoirí SE nua-earcáithe i dtéarmaí an ábhair theangeolaíoch spriocdhírithé i bpleanáil ceachtanna, i dteagasc agus i measúnú agus féadfaidh siad faisnéis agus baraiméadar garbh a sholáthar do thuismitheoirí maidir leis an eolas agus an cineál teanga a d'fhéadfadh a bheith ag a bpáiste/bpáistí ag céim ar bith de, nó, ag deireadh gach timthrialla.

De réir mar a dhéanann na túiriscíní gnóthachtála cur síos ar leibhéal ghnóthachtála i leith tacar áirithe inniúlachtaí nó cuspóirí foghlama, tacaíonn aithint ábhar teangeolaíoch féideartha le cuspóirí foghlama áirithe a bhaint amach agus neartaíonn sé ailíniú leis na Tuairiscitheoirí ábhartha.

#### Cuspóirí foghlama<sup>11</sup> don chéad timthriall (S1-S3)

Faoi dheireadh an chéad timthrialla, ba cheart go mbeadh an scoláire in ann:

---

<sup>11</sup> Déantar na Cuspóirí Foghlama a innéacsú go huimhriúil anseo ar mhaithe le tagairt éasca

1. tuiscint a fháil ar chaint labhartha chaighdeánach a bhaineann le réimsí a bhaineann go pearsanta láithreach agus príomhphointe na dteachtaireachtaí agus na bhfógraí gearra soiléire a ghabháil;
2. téacsanna gearra simplí scríofa a léamh agus a thuiscint faoi ábhair laethúla agus ábhar laethúil atá scríofa i nGaeilge/Máltais, i.e. comharthaí i seomra ranga Gaeilge/Máltaise, láithreáin ghréasáin i nGaeilge/Máltais srl
3. páirt a ghlacadh i gcomhráite faoi ábhair agus ghníomhaíochtaí laethúla;
4. déan cur síos ar a shaol pearsanta (teaghlach, caitheamh aimsire, baile, scoil srl.) Le tagairt éigin don am atá thart agus don todhchaí;
5. nótaí, teachtaireachtaí, ríomhphoist agus litreacha gearra simplí a scríobh faoi ábhair laethúla;
6. eolas agus tuiscint bhunúsach ar chultúr na hÉireann agus na bpobal Gaeilge a thaispeáint;
7. an t-eolas cultúrtha a fuair sé a cheangal le heolas Éireann agus pobail ina labhraítear Gaeilge;
8. raon straitéisí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun teangacha a fhoghlaim;
9. raon bunscileanna agus uirlisí staidéir a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.

## Ábhar

Timthriall 1 (S1-S3) Faoi dheireadh thimthriall 1 ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas foghlamtha ag an scoláire:

1. roinnt eolais ar rialacha foghraíochta, tuin chainte agus litrithe;
2. eolas ar stór focal laethúil agus nathanna cainte (frásaí idiomatacha);
3. eolas ar phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí;
4. eolas ar conas foclóirí agus acmhainní eile a úsáid lena n-áirítear TFC;
5. feasacht ar chultúr na tíre / na bpobal sprioctheanga;
6. roinnt eolais ar straitéisí bunúsacha foghlama teanga lena n-áirítear feasacht ar a ndul chun cinn féin.

***Ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtugtar gach sampla a chuirtear ar fáil faoi fho-cheannteidil éagsúla na rannán in aon ord tábhachta ar leith.***

### 1. Eolas ar rialacha foghraíochta, tuin chainte agus litrithe

Cuspóirí Foghlama	Léiritheoirí/samplaí teanga léiriúcháin
CF 1, 2, 3.4, 5	<p>An aibítir le fuaimeanna coibhéiseacha nach Béarla iad</p> <p>Gutaí leathana a, o, u  Gutaí caol e, i  Gutaí le béim leathan á, ó, ú  Gutaí le béim caol é, í,</p> <p>Caol le caol, leathan le leathan  Gutaí leathan bá / bord / cat  Gutaí caol éin/ capaill / cathair  -ir,- il,- in, ic srl.,  <a href="https://www.teanqlann.ie/en/fuaim/">https://www.teanqlann.ie/en/fuaim/</a></p>

## 2. Eolas ar stór focal laethúil agus nathanna cainte (frásaí idiomatacha)

Cuspóirí Foghlama	Léiritheoirí/samplaí teanga léiriúcháin
CF 1,2, 3, 4, 5	<p>Ainmfhocail (Cnuasaigh téamaí míreanna foclóra laethúla: e.g. mé féin; an teaghlach, an scoil, an baile mór/ an chathair/ an tuath/ caitheamh aimsire/ am agus aimsir/ bia agus béilí/ laethanta saoire/ an saol sa scoil Eorpach srl.,</p> <p>Caint an tseomra ranga</p> <p>Gnáthbheannachtaí cumarsáide agus nathanna cainte comónta:</p> <p>Dia duit/ dia daoibh/ slán agat(agaibh)/ slán leat/(libh) go raibh maith agat (agaibh) fáilte romhat (romhaibh) go diail ar fad! lontach!/ Togha! Maith thú! srl.,</p>

## 3. Eolas ar phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí

Cuspóirí Foghlama	Léiritheoirí/samplaí teanga léiriúcháin
CF 1,2, 3, 4, 5	<p>Struchtúr na gnáthabairte: Itheann an leanbh úll</p> <p>An chopail: Is scoil í seo</p> <p>Forainmneacha pearsanta: mé, tú, sé, iad, siad srl.,</p> <p>Aidiachtaí comónta: beag, mór, deas, láidir srl.,</p> <p>Dathanna: bán, dubh, buí srl.,</p> <p>Céimeanna compáirde agus sárchéim na haidiachta:- maith, níos fearr, is fearr, mór níos mó srl.,</p> <p>Aidiacht shealbhach: mo chara, do mháthair srl.,</p> <p>Briathra: (aimsir láithreach, aimsir chaite, aimsir fháistineach), foirmeacha ceisteacha,. foirmeacha diúltacha srl.,</p> <p>Ceisteanna agus freagraí; An bhfuil? Tá</p> <p>An dtéann tú? Téim / Ní théim</p> <p>Ainm Briathartha: ag rith, ag ól, ag léamh srl.,</p> <p>Dobhriathar: go maith, go deas, go mall srl.,</p> <p>Réamhfhocail (simplí agus comhshuite: ar/ le/ ar fud, in aice srl.,</p> <p>Bunuihmreacha, maoluimhreacha, uimhreacha pearsanta srl.,</p> <p>An t-am</p> <p>Séimhiú: mo chara ar Phól srl.,</p>

	Urú: ar an mbus / as an bpáirc srl., Forainm réamhfhoclach: Thug sí cárta dom
--	----------------------------------------------------------------------------------

#### 4. Eolas ar conas foclóirí agus acmhainní eile a úsáid lena n-áirítear TFC

Le bheith i d'fhoghlaimoír neamhspleách agus ag fáil amach na n-acmhainní is fearr a thacaíonn le foghlaim teanga ba chóir an scoláire a chur ar an eolas faoi foclóirí Gaeilge-Béarla agus Béarla-Gaeilge, lena n-áirítear acmhainní foclóra ar líne (Mar shampla. [www.focal.ie](http://www.focal.ie) / [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) / [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) ) agus ag foghlaim conas iad a úsáid. Ba chóir scoláirí a chur ar an eolas freisin ar chuid de na hacmhainní ar líne atá ar fáil a fheabhsaíonn agus a thacaíonn lena gcur chuige aonair i leith na foghlama.

Léiríonn na samplaí a thugtar anseo an cineál teanga a d'fhéadfadh scoláirí a chleachtadh, a úsáid agus a tháirgeadh agus iad ag dul i ngleic leis an ábhar sonraithe seo.

Cuspóirí Foghlama	Léiritheoirí/samplaí teanga léiriúcháin
CF 8, 9, 6	<p>Téarmaí na gramadaí (téarmaí meititheanga): briathar, ainmfhocal, réamhfhocal, forainm, srl.,</p> <p>Forainmneacha ceisteacha:</p> <p>Cad is brí le? Cá bhfuil an focal sin san fhoclóir? Ciallaíonn traochta tuirse Ciallaíonn ailtire <i>architect</i> as Béarla</p> <p>Modh Ordaitheach sa chéad phearsa iolra: Féachaimis san fhoclóir</p> <p>Bainimis triail as an aipp seo</p> <p>Ní thuigim “ai” (ainmfhocail iolra)</p> <p>Ní thuigim “gu” (ginideach uatha) srl.,</p>

#### 5. Feasacht ar chultúr na tíre/na bpobal sprioctheanga

Nuair a bhíonn scoláirí ag plé leis an ábhar seo, féadtar iad a spreagadh chun taighde, fáil amach agus faisnéis a chur i láthair faoi phobail urlabhra na Gaeilge:

Gaeltachtaí: Uladh / An Iarthair / An Deiscirt

- Gaeltachtaí níos lú: Ráth Chairn, Rinn ó gCuanach
- Nua-chainteoirí Gaeilge
- Úsáideoirí na Gaeilge thar lear m.sh. scoláirí na Gaeilge srl.

Léiríonn na samplaí a thugtar anseo an cineál teanga a d'fhéadfadh scoláirí a chleachtadh, a úsáid agus a tháirgeadh agus iad ag dul i ngleic leis an ábhar sonraithe seo.

Cuspóirí Foghlama	Comhpháirteanna/samplaí teanga léiritheacha
CF 6, 7	Teangacha:

	<p>Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Béarla Labhraím Gaeilge</p> <p>Táim líofa sa Bhéarla srl.,</p> <p>Na Gaeltachtaí</p> <p>Is maith liom</p> <p>Is maith liom teangacha</p> <p>Is maith liom Gaeilge</p> <p>Ba mhaith liom</p> <p>Ba mhaith liom dul go dtí an Ghaeltacht Ba mhaith liom Gaeilge líofa a labhairt/ a bheith agam</p> <p>Stór focal: Ceol agus spórt Gaelach srl.,</p> <p>Úsáid an cheoil sa seomra ranga - amhráin thraidisiúnta mar shampla</p> <p>Sloinnte na hÉireann srl.,</p> <p>Logainmneacha srl.,</p> <p>Féilte na hÉireann srl.,</p>
--	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

## 6. Roinnt eolais ar bhunstraitéisí foghlama teanga lena n-áirítear feasacht ar a ndul chun cinn féin

Tá réimse straitéisí ann (cognaíochas agus meiteachognaíoch) ar féidir le scoláirí a úsáid chun feasacht ar a gcuid buanna féin mar fhoghlaiméirí agus a stíleanna foghlama a mhéadú agus chun freastal orthu: e.g. straitéisí tuisceana, fadhbréiteach, straitéisí scríbhneoireachta, scanadh, achoimre, tuar srl. Léiríonn na samplaí a thugtar anseo an cineál teanga a d'fhéadfadh scoláirí a chleachtadh, a úsáid agus a tháirgeadh agus iad ag dul i ngleic leis an ábhar sonraithe seo.

Ba cheart cuimhneamh freisin ar acmhainneacht na dTuairiscíní Gnóthachtála d'fhonn cuidiú le gnóthachtáil a léirmhíniú, tacú le haiseolas agus dul chun cinn a threorú.

Cuspóirí Foghlama	Compháirteanna/samplaí teanga léiritheacha
CF 8,9	<p>Forainmneacha ceisteacha: Conas, cén chaoi, cad, céard srl.,</p> <p>Ag foghlaim....</p> <p>Ag déanamh dul chun cinn</p> <p>Ag foghlaim conas foghlaim</p> <p>Ainm briathartha + forainm réamhfhoclach: Ag éirí liom</p> <p>Tá ag éirí liom / Níl ag éirí liom</p> <p>Is féidir liom / Ní féidir liom</p>



	<p>Is féidir liom é sin a rá as Gaeilge</p> <p>Ní féidir liom é sin a thuiscint srl</p> <p>Úsáidim athrá</p> <p>Éistim go géar le cainteoirí maithe</p> <p>Téim siar ar</p> <p>An féidir linn dul siar ar . . . ?</p> <p>Tá cuidiú/cabhair uaim</p> <p>Conas a litríonn tú . . . ?</p> <p>Féachaim san fhoclóir</p> <p>Ní féidir liom é a thuiscint go fóill</p> <p>Tuigim é sin go maith srl.,</p>
--	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

## S4-S5

### Cuspóirí foghlama<sup>12</sup> don 2ú timthriall (S4-S5)

Faoi dheireadh an dara timthriall, ba cheart go mbeadh an scoláire in ann:

1. tuiscint a fháil ar chaint chaighdeánach labhartha a bhaineann le taithí phearsanta agus roinnt ábhar ar díol spéise níos leithne iad, agus príomhphointí na gclár teilifíse nó raidió a thuiscint nuair a bhíonn an seachadadh soiléir agus mall;
2. téacsanna a chuimsíonn teanga laethúil a léamh agus a thuiscint agus a bheith in ann faisnéis shonrach a roghnú as téacsanna gearra liteartha agus neamhliteartha;
3. páirt a ghlacadh i gcomhráite agus faisnéis a mhalartú faoin saol laethúil agus ábhair a bhfuil spéis ghinearálta acu;
4. déan cur síos ó bhéal, ar bhealach comhleanúnach, ar a (h)eispéiris, a dhóchas agus a phleananna, agus scéal nó plota leabhair nó scannáin a aithris;
5. téacsanna simplí, comhleanúnacha a scríobh ar ábhair a bhaineann le hábhair, eispéiris agus tuairimí laethúla;
6. roinnt eolais agus tuisceana ar chultúr na hÉireann a thaispeáint lena n-áirítear an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a chomhthéacs;
7. bunchóid idirchultúrtha a bheith ar eolas acu agus iad a úsáid chun idirghníomhú go cuí le cainteoirí Gaeilge;
8. straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a fhoghlaim teanga a eagrú;

<sup>12</sup> Déantar na Cuspóirí Foghlama a innéacsú go huimhriúil anseo ar mhaithe le tagairt éasca

9. faisnéis a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil ó raon leathan acmhainní páipéarbhunaithe agus leictreonacha chun a scileanna teanga a fhorbairt

## Ábhar

Timthriall 2 (S4-S5) Ag tógáil ar an eolas agus na scileanna a gnóthaíodh cheana i dtimthriall 1 ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas sealbhaithe ag na scoláirí, faoi dheireadh timthriall 2:

- ; 1. eolas maith ar fhuaimniú agus tuin chainte, agus rialacha comhdhlúite litrithe  
 2. réimse leathnaithe foclóra agus nathanna cainte (frásaí idiomatacha);  
 3. réimse leathnaithe de phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí;  
 4. eolas ar conas obair thionscadail a dhéanamh, ag úsáid réimse acmhainní lena n-áirítear TFC;  
 5 roinnt eolais ar stair agus ar chultúr na tíre / na bpobal sprioctheanga le roinnt nochta do théacsanna liteartha;  
 6. raon straitéisí agus uirlisí foghlama teanga chun a gcuid foghlama féin a mheas.

### 1. Eolas maith ar rialacha foghraíochta, tuinithe agus litrithe

Cuspóirí Foghlama	Comhpháirteanna/samplaí teanga léiritheacha
LOs 1, 2, 3, 4, 5	<p>Athrú tosaigh: Séimhiú            bh/ch/dh/fh/gh/mh/ph/th            Mo chara            Do dheartháir            Seanfhear            Do pheann etc</p> <p>AthrúTosaigh: Urú            mb / gc/ nd/ bhf/ ng/bp/ dt</p> <p>Tógaim            Ithim            Canann tú</p> <p>Consan leathan in aice le guta leathan:            Pá / fág / bád / bábóg/</p> <p>Consain anáilaithe:            /bh/ /dh/ /ch/ /dh/ /fh/ /gh/ /mh/ /ph/ /th/</p> <p>Défhoghair:            /ao/ /ae/ /eo/ /ia/ /ea/ etc</p> <p>Tús eolais faoi na canúintí</p> <p>Infillteacha mo mhála Thug etc, seanmháthair etc</p>

## 2. Réimse leathnaithe foclóra agus nathanna cainte (frásaí idiomatacha)

Cuspóirí Foghlama	Comhpháirteanna/samplaí teanga léiritheacha
CF 1, 2, 3, 4, 5	<p>Ag cur le stór focal e.g.</p> <p>Cuairt ar an gcathair/ cuairt ar thír iasachta / cuairt ar Éirinn /Ag siopadóireacht / ar an idirlíon/ clubanna do dhaoine óga / cairde / fón póca agus na meáin shóisialta srl.,</p> <p><i>Nathanna:</i></p> <p>Tá cúrsaí ar mo thoil agam/ Cogar/ Dochreidte!</p> <p>Ar ndóigh/ag magadh fúm atá tú? I ndáiríre! Gan dabht/ gan amhras/ tá a fhios agat/cinnte/go deimhin/ srl.,</p> <p>Seanfhocail - saibhreas teanga agus léargas cultúrtha</p>

## 3. Raon leathnaithe de phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí

Cuspóirí Foghlama	Comhpháirteanna/samplaí teanga léiritheacha
CF 1, 2, 3, 4, 5	<p>Briathra (aimsir láithreach, aimsir chaite, aimsir fháistineach), foirmeacha ceisteacha, foirmeacha diúltacha/ ceisteacha diúltacha etc/ an modh ordaitheach srl.,</p> <p>Na briathra neamhrialta srl.,</p> <p>Na forainmneacha réamhfhoclacha: agam, liom, fúm etc</p> <p>Nascfhocail: agus / ach/ mar srl.,</p> <p>Dobhriathra</p> <p>Caint indíreach</p> <p>Clásail Choibhneasta (Sin é an t-imreoir a bhí ar an teilifís</p> <p>Ar mhaith leat? Ba mhaith liom/ Níor mhaith liom</p> <p>Arbh fhearr leat? B'fhearr liom / Níorbh fhearr liom</p> <p>Taitin + le / Tá + ó etc srl.,</p>

